Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Eanáir 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0009(NLE)**

**5785/24**
**ADD 1**

**UD 12**
**COMER 16**
**MED 7**
**WTO 11**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Eanáir 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 19 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 19 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 19 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.1.2024
COM(2024) 19 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin**

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. ...**
**ÓN gCOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN ÉIGIPT**

**an ...**

**lena leasaítear an Comhaontú Eora-Mheánmhara**
**lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha**
**agus a mBallstáit, de pháirt,**
**agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile,**
**trí Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú**
**a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin a ionadú**

AN CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN ÉIGIPT,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile[1], agus go háirithe Airteagal 3 de Phrótacal 4 de a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin,

[1] IO AE L 304, 30.9.2004, lch. 39.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 27 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte den pháirt eile, ('an Comhaontú'), tagraítear do Phrótacal 4 den Chomhaontú sin ('Prótacal 4') lena leagtar síos na rialacha tionscnaimh.

(2) Foráiltear le hAirteagal 3 de Phrótacal 4 go bhféadfaidh an Chomhairle Comhlachais a bhunaítear le hAirteagal 74(1) den Chomhaontú forálacha Phrótacal 4 a leasú.

(3) Is é is aidhm don Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara[2] ('an Coinbhinsiún') ná na córais dhéthaobhacha um rialacha tionscnaimh atá ann cheana agus a bunaíodh le comhaontuithe saorthrádála déthaobhacha a tugadh chun críche idir Páirtithe Conarthacha an Choinbhinsiúin a thrasuí ionas go mbeidh na córais sin faoi chuimsiú creat iltaobhach, gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe déthaobhacha siúd.

(4) Shínigh an tAontas agus Poblacht Arabach na hÉigipte an Coinbhinsiún an 15 Meitheamh 2011 agus an 9 Deireadh Fómhair 2013, faoi seach.

(5) Rinne an tAontas agus Poblacht Arabach na hÉigipte a n-ionstraimí glactha a thaisceadh le taiscí an Choinbhinsiúin an 26 Márta 2012 agus an 23 Aibreán 2014, faoi seach. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 10(3) den Choinbhinsiún, tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir leis an Aontas agus Poblacht Arabach na hÉigipte an 1 Bealtaine 2012 agus an 1 Meitheamh 2014, faoi seach.

---

2 IO AE L 54, 26.2.2013, lch. 4.

(6) Le Cinneadh Uimh. 1/2015 ón gComhairle Comhlachais AE-an Éigipt , cuireadh prótacal nua ina ndéantar tagairt don Choinbhinsiún in ionad Phrótacal 4.

(7) Chomhaontaigh an tAontas agus Poblacht Arabach na hÉigipte tacar malartach rialacha tionscnaimh a chur i bhfeidhm, iad bunaithe ar na rialacha sa Choinbhinsiún leasaithe, a fhéadfar a úsáid go déthaobhach, mar rialacha tionscnaimh is rialacha malartacha ar na rialacha sin a leagtar síos sa Choinbhinsiún, go dtí go dtabharfar an leasú ar an gCoinbhinsiún i gcrích agus go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm.

(8) Le linn an chéad chruinnithe theicniúil maidir le Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh a tionóladh sa Bhruiséil an 5 Feabhra 2020, chomhaontaigh tromlach na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún, lena n-áirítear an tAontas agus an Éigipt, rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme([3]) ('na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh') i gcomhthráth le rialacha an Choinbhinsiúin, ar bhonn déthaobhach Idirthréimhseach, go dtí go nglacfar rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin;

(9) Ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann, tháinig líonra prótacal déthaobhach maidir le rialacha tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún i bhfeidhm, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag na Rialacha idirthréimhseacha([4]) ;

(10) Is é is cuspóir do na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh rialacha níos maolaithe a thabhairt isteach chun cáiliú an stádais tionscnaimh fhabhraigh maidir le hearraí a éascú. Ós rud é go bhfuil na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh níos maolaithe i gcoitinne ná na rialacha atá sa Choinbhinsiún, d'fhéadfaí earraí lena gcomhlíontar na rialacha sin a cháiliú mar earraí tionscnaimh faoi na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh, cé is moite de roinnt táirgí talmhaíochta a aicmítear faoi Chaibidlí 2, 4 go 15, 16 (seachas táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 17 go 24 den Chóras Comhchuibhithe;

(11) Tá na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh infheidhme i gcomhthráth le rialacha tionscnaimh an Choinbhinsiúin, rud lena gcruthaítear dhá limistéar shainiúla carntha. Dá bhrí sin, leasófar Airteagal 8 d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal 4 trí fhoráil a chur isteach chun cur i bhfeidhm tréscaoilteachta idir an Coinbhinsiún agus na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh a éascú;

---

[3] IO L 339, 30.12.2019, lch. 1.
[4] IO C 51, 10.2.2023, lch. 1.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart prótacal nua a chur in ionad Phrótacal 4 lena bhforáiltear do thacar rialacha tionscnaimh eile. Thairis sin, ba cheart tagairt dhinimiciúil a dhéanamh don Choinbhinsiún sa phrótacal nua, le go dtagrófar i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur in ionad Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é agus beidh feidhm aige amhail ón dáta sin.

Arna dhéanamh [*suíomh agus dáta le tabhairt isteach*]...,

*Thar ceann na Comhairle Comhlachais*
*An tUachtarán*

*[An Rúnaíocht]*

## IARSCRÍBHINN

**'Prótacal 4**

**a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh'
agus le modhanna comhair riaracháin**

*Airteagal 1*

***Rialacha tionscnaimh is infheidhme***

1. Chun an Comhaontú a chur chun feidhme, beidh feidhm ag Foscríbhinn I agus ag na forálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara[5] ('an Coinbhinsiún'), arna leasú go deireanach agus arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Gach tagairt don 'chomhaontú ábhartha' i bhFoscríbhinn I agus i bhforálacha ábhartha Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, déanfar na tagairtí sin a fhorléiriú mar thagairtí arb é an Comhaontú is ciall dóibh.

[5] IO AE L 54, 26.2.2013, lch. 4.

*Airteagal 2*

***Rialacha tionscnaimh malartacha is infheidhme***

1. D'ainneoin Airteagal 1 den Phrótacal seo, chun an Comhaontú a chur chun feidhme, táirgí a bhaineann amach stádas tionscnaimh fabhrach i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh malartacha is infheidhme a leagtar amach i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an bPrótacal seo ('Rialacha idirthréimhseacha') measfar gur de thionscnamh an Aontais Eorpaigh nó Phoblacht Arabach na hÉigipte iad.

2. Beidh feidhm ag na rialacha idirthréimhseacha go dtí go dtiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm, ar leasú é ar a bhfuil na Rialacha idirthréimhseacha bunaithe.

*Airteagal 3*

***Díospóidí a réiteach***

1. I gcásanna ina n-éireoidh díospóidí i ndáil leis na nósanna imeachta fíorúcháin a leagtar amach in Airteagal 32 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nó in Airteagal 34 d'Fhoscríbhinn A a ghabhann leis an bPrótacal seo, ar díospóidí iad nach féidir a réiteach idir na húdaráis chustaim a iarrann an fíorú agus na húdaráis chustaim atá freagrach as an bhfíorú sin a chur i gcrích, cuirfear na díospóidí sin faoi bhráid na Comhairle Comhlachais.

2. I ngach cás, i dtaca le díospóidí idir an t-allmhaireoir agus údaráis chustaim na tíre is allmhaireoir a réiteach, is faoi reachtaíocht na tíre sin a réiteofar na díospóidí sin.

*Airteagal 4*

***Leasuithe ar an bPrótacal***

Féadfaidh an Chomhairle Comhlachais a chinneadh forálacha an Phrótacail seo a leasú.

*Airteagal 5*

***Tarraingt siar ón gCoinbhinsiún***

1. Má thugann an tAontas Eorpach nó Poblacht Arabach na hÉigipte fógra i scríbhinn do thaiscí an Choinbhinsiúin go bhfuil sé beartaithe acu tarraingt siar as an gCoinbhinsiún de réir Airteagal 9 de, rachaidh an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte i mbun caibidlíochta láithreach maidir le rialacha tionscnaimh chun an Comhaontú a chur chun feidhme.

2. Go dtí go dtiocfaidh rialacha tionscnaimh den sórt sin a d'aontófaí as an nua i bhfeidhm, na rialacha a áirítear i bhFoscríbhinn I agus, i gcás inarb iomchuí, na forálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ar rialacha agus forálacha iad is infheidhme tráth an tarraingt siar, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu maidir leis an gComhaontú. Mar sin féin, ó thráth na tarraingthe siar, déanfar na rialacha tionscnaimh i bhFoscríbhinn I agus, i gcás inarb iomchuí, na forálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a fhorléiriú sa chaoi nach gceadófar an carnadh déthaobhach ach amháin idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte.

**<u>Foscríbhinn A</u>**

**RIALACHA TIONSCNAIMH MALARTACHA IS INFHEIDHME**

**Rialacha is féidir le Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a chur i bhfeidhm ar bhonn roghnach go dtí go dtabharfar an leasú ar an gCoinbhinsiún i gcrích agus go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm**

**(‘na Rialacha’ nó ‘na Rialacha idirthréimhseacha’)**

*SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA ‘TÁIRGÍ TIONSCNAIMH’*
*AGUS MODHANNA COMHAIR RIARACHÁIN*

CLÁR ÁBHAR


CUSPÓIRÍ

TEIDEAL I **FORÁLACHA GINEARÁLTA**

Airteagal 1 **Sainmhínithe**

TEIDEAL II **SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA ‘TÁIRGÍ TIONSCNAIMH’**

Airteagal 2 **Ceanglais ghinearálta**

Airteagal 3 **Táirgí a fuarthas go hiomlán**

Airteagal 4 **Oibriú nó próiseáil leordhóthanach**

Airteagal 5 **Riail lamháltais**

Airteagal 6 **Oibriú nó próiseáil easpach**

Airteagal 7 **Carnadh tionscnaimh**

Airteagal 8 **Coinníollacha maidir le carnadh tionscnaimh a chur i bhfeidhm**

Airteagal 9 **Aonad incháilitheachta**

Airteagal 10 **Tacair**

Airteagal 11 **Eilimintí neodracha**

Airteagal 12 **Deighilt chuntasaíochta**

TEIDEAL III **CEANGLAIS CHRÍCHE**

Airteagal 13 **Prionsabal an chríochachais**

Airteagal 14 **Neamhathrú**

Airteagal 15 **Taispeántais**

TEIDEAL IV **AISÍOCAÍOCHT NÓ DÍOLÚINE**

Airteagal 16 **Aisíocaíocht dleachtanna custaim nó díolúine uathu**

TEIDEAL V **CRUTHÚNAS TIONSCNAIMH**

Airteagal 17 **Ceanglais ghinearálta**

Airteagal 18 **Coinníollacha maidir le dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas**

Airteagal 19 **Onnmhaireoir formheasta**

Airteagal 20 **Nós imeachta maidir le deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint**

Airteagal 21 **Deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach**

Airteagal 22 **Dúblach de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint**

Airteagal 23 **Bailíocht an chruthúnais tionscnaimh**

Airteagal 24 **Saorchriosanna**

Airteagal 25 **Ceanglais allmhairiúcháin**

Airteagal 26 **Allmhairiú i dtráthchodanna**

Airteagal 27 **Díolúine ó chruthúnas tionscnaimh**

Airteagal 28 **Neamhréireachtaí agus earráidí foirmiúla**

Airteagal 29 **Dearbhuithe soláthraí**

Airteagal 30 **Suimeanna arna sloinneadh in euro**

TEIDEAL VI **PRIONSABAIL AN CHOMHAIR AGUS NA FIANAISE DOICIMÉADAÍ**

Airteagal 31 **Fianaise dhoiciméadach, cruthúnas tionscnaimh agus doiciméid tacaíochta a chaomhnú**

Airteagal 32 **Díospóidí a réiteach**

TEIDEAL VII **COMHAR RIARACHÁIN**

Airteagal 33 **Fógra agus comhar**

Airteagal 34 **Cruthúnais tionscnaimh a fhíorú**

Airteagal 35 **Na dearbhuithe soláthraí a fhíorú**

Airteagal 36 **Pionóis**

TEIDEAL VIII **FOSCRÍBHINN A CHUR I bhFEIDHM**

Airteagal 37 **An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**

Airteagal 38 **Lichtinstéin**

Airteagal 39 **Poblacht San Mairíne**

Airteagal 40 **Prionsacht Andóra**

Airteagal 41 **Ceuta agus Melilla**

Liosta Iarscríbhinní

IARSCRÍBHINN I: **Nótaí réamhráiteacha a ghabhann leis an liosta in Iarscríbhinn II**

IARSCRÍBHINN II: **Liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun go dtabharfar an stádas 'táirge tionscnaimh' don táirge monaraithe**

IARSCRÍBHINN III: **Téacs an dearbhaithe tionscnaimh**

IARSCRÍBHINN IV: **Samplaí de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 agus d'iarratas ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1**

IARSCRÍBHINN V: **Coinníollacha speisialta maidir le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla**

IARSCRÍBHINN VI: **Dearbhú soláthraí**

IARSCRÍBHINN VII: **Dearbhú soláthraí fadtéarmach**

CUSPÓIRÍ

Tá na Rialacha seo roghnach. Tá sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go dtabharfar an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara i gcrích agus go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm ('Coinbhinsiún UEM' nó 'an Coinbhinsiún'). Tiocfaidh siad chun bheith infheidhme maidir le trádáil idir na Páirtithe Conarthacha sin a chinnfidh amhlaidh agus a dhéanfaidh tagairt dóibh nó a chuirfidh san áireamh iad ina gcomhaontuithe déthaobhacha um thrádáil fhabhrach. Beartaítear iad a chur i bhfeidhm mar rogha malartach ar rialacha an Choinbhinsiúin, ar rialacha iad a bheidh, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún, gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe ábhartha agus i gcomhaontuithe déthaobhacha gaolmhara eile idir na Páirtithe Conarthacha. Dá réir sin, ní bheidh siad éigeantach, ach roghnach. I gcás oibreoirí eacnamaíocha ar mian leo leas a bhaint as scéim fhabhrach a bheidh bunaithe ar na rialacha sin seachas ar rialacha an Choinbhinsiúin, féadfaidh siad iad a chur i bhfeidhm ar bhonn roghnach.

Níl sé beartaithe an Coinbhinsiún a mhodhnú leo. Leanfaidh an Coinbhinsiún d'fheidhm iomlán a bheith aige idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún. Ní athrófar leo cearta ná oibleagáidí na bPáirtithe Conarthacha faoin gCoinbhinsiún.

# TEIDEAL I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

***Sainmhínithe***

Chun críocha na Rialacha seo:

(a) ciallaíonn ‘Páirtí Conarthach a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm’ Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún PEM a ionchorpraíonn na Rialacha seo ina chomhaontuithe déthaobhacha um thrádáil fhabhrach le Páirtí Conarthach eile i gCoinbhinsiún PEM agus cuimsíonn sé na Páirtithe sa Chomhaontú;

(b) ciallaíonn ‘caibidlí’, ‘ceannteidil’ agus ‘fo-cheannteidil’ na caibidlí, na ceannteidil agus na fo-cheannteidil (cóid 4 dhigit nó 6 dhigit) a úsáidtear san ainmníocht arb í an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí(‘Córas Comhchuibhithe’) í ina bhfuil na hathruithe de bhun Moladh ón gComhairle um Chomhar Custaim an 26 Meitheamh 2004;

(c) ciallaíonn ‘aicmithe’ aicmiú earra atá faoi cheannteideal áirithe nó faoi fho-cheannteideal áirithe den Chóras Comhchuibhithe;

(d) ciallaíonn ‘coinsíneacht’ táirgí:

(i) a sheoltar go comhuaineach ó aon onnmhaireoir amháin chuig aon choinsíní amháin; nó

(ii) atá cumhdaithe ag aon doiciméad iompair amháin lena gcumhdaítear seoladh na dtáirgí sin ón onnmhaireoir chuig an gcoinsíní nó, de cheal doiciméad den sórt sin, atá cumhdaithe ag aon sonrasc amháin;

(e) i gcás an Aontais Eorpaigh, ciallaíonn ‘údaráis chustaim an Pháirtí nó an Pháirtí Chonarthaigh a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm’ aon cheann d’údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;

(f) ciallaíonn ‘luach custaim’ an luach arna chinneadh i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le cur i bhfeidhm Airteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil a rinneadh in 1994 (Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Luacháil Chustaim);

(g) ciallaíonn ‘praghas díreach ón monarcha’ an praghas a íoctar as an táirge díreach ón monarcha leis an monaróir sa Pháirtí a ndéantar an t-oibriú deiridh nó an phróiseáil deiridh ina ghnóthas, ar choinníoll go n-áirítear sa phraghas sin luach na n-ábhar uile a úsáidtear agus na costais eile uile a bhaineann lena tháirgeadh, lúide aon cháin inmheánach a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a onnmhairítear an táirge a fuarthas. I gcás inar ndéantar an t-oibriú deiridh nó an phróiseáil deiridh a chur amach ar fochonradh chuig monaróir, tagraíonn an téarma ‘monaróir’ don fhiontar a bhfuil an fochonraitheoir fostaithe aige.

I gcás nach léiriú é an praghas iarbhír a íoctar ar na costais uile a bhaineann le monarú an táirge a thabhaítear go hiarbhír sa Pháirtí, ciallaíonn an praghas díreach ón monarcha suim na gcostas sin go léir, lúide aon cháin inmheánach a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a onnmhairítear an táirge a fuarthas;

(h) ciallaíonn ‘ábhar idirmhalartach’ nó ‘táirge idirmhalartach’ ábhar nó táirge ar den chineál céanna agus den cháilíocht tráchtála chéanna iad agus a bhfuil na tréithe teicniúla agus fisiceacha céanna acu, agus nach féidir iad a idirdhealú ó chéile;

(i) ciallaíonn ‘earraí’ ábhar agus táirge araon;

(j) ciallaíonn ‘monarú’ aon chineál oibrithe nó próiseála, lena n-áirítear cóimeáil;

(k) ciallaíonn ‘ábhar’ aon chomhábhar, aon amhábhar, aon chomhpháirt nó aon pháirt etc., a úsáidtear chun an táirge a mhonarú;

(l) ciallaíonn ‘uaschion ábhar neamhthionscnaimh’ an t-uasmhéid ábhair neamhthionscnaimh a cheadaítear chun a mheas gur leor an t-oibriú nó an phróiseáil a dhéantar sa mhonarú chun stádas tionscnaimh a thabhairt don táirge. Féadfar é a shloinneadh mar chéatadán de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó mar chéatadán de ghlanmheáchan na n-ábhar sin a úsáidtear, ábhair atá faoi ghrúpa sonraithe caibidlí, faoi chaibidil, faoi cheannteideal nó faoi fho-cheannteideal;

(m) ciallaíonn ‘táirge’ an táirge atá á mhonarú, fiú amháin má tá sé ceaptha lena úsáid ina dhiaidh sin in oibríocht mhonaraíochta eile;

(n) cuimsíonn ‘críoch’ críoch thalún, uiscí inmheánacha agus farraige theorann Páirtí;

(o) measfar gurb é an ‘breisluach’ praghas an táirge díreach ón monarcha lúide luach custaim gach ceann de na hábhair a ionchorpraítear, arb ábhair iad de thionscnamh na bPáirtithe Conarthacha eile a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, rialacha ar trína mbíthin a bhfuil carnadh infheidhme nó, i gcás nach eol an luach custaim nó nach féidir é a fháil amach, measfar gurb é an chéad phraghas infhíoraithe é a íocadh as na hábhair sa Pháirtí is onnmhaireoir;

(p) ciallaíonn ‘luach na n-ábhar’ an luach custaim tráth a allmhairítear na hábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear, nó, murab eol sin agus nach féidir é a fháil amach, ciallaíonn sé an chéad phraghas infhionnta a íocadh as na hábhair sa Pháirtí is onnmhaireoir. I gcás inar gá luach na n-ábhar tionscnaimh a úsáidtear a shuí, cuirfear an pointe seo i bhfeidhm *mutatis mutandis*.

# TEIDEAL II
# SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA
# 'TÁIRGÍ TIONSCNAIMH'

*Airteagal 2*

***Ceanglais ghinearálta***

Chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, measfar gur de thionscnamh Páirtí na táirgí seo a leanas nuair a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile iad:

(a) táirgí a fhaightear go hiomlán i bPáirtí, de réir bhrí Airteagal 3;

(b) táirgí a fhaightear i bPáirtí a bhfuil ábhair iontu nach bhfuarthas go hiomlán sa Pháirtí sin, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach ar na hábhair sin sa Pháirtí sin de réir bhrí Airteagal 4 .

*Airteagal 3*

***Táirgí a fhaightear go hiomlán***

1. Measfar go bhfaightear na táirgí seo a leanas go hiomlán i bPáirtí nuair a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile iad:

(a) táirgí mianracha agus uisce nádúrtha a eastósctar as ithir nó as grinneall farraige;

(b) plandaí, lena n-áirítear plandaí uisceacha, agus táirgí glasraí a fhástar nó a bhuaintear ann;

(c) ainmhithe beo a rugadh agus a tógadh ann;

(d) táirgí a fhaightear ó ainmhithe beo a tógadh ann;

(e) táirgí a fhaightear ó ainmhithe maraithe a rugadh agus a tógadh ann;

(f) táirgí a fhaightear de thoradh fiach nó iascaireacht a rinneadh ansin;

(g) táirgí dobharshaothraithe i gcás éisc, crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisce eile a rugadh agus a tógadh ansin ó uibheacha, ó larbhaí, ó mhionéisc nó ó ghilidíní;

(h) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a baineadh as an bhfarraige ag a shoithí lasmuigh d'aon fharraige theorann;

(i) táirgí a dhéantar ar bord longa próiseála an Pháirtí agus arb as na táirgí dá dtagraítear i bpointe (h) a dhéantar iad agus astu sin amháin;

(j) earraí úsáidte a bailíodh ansin agus nach bhfuil oiriúnach ach le haghaidh amhábhair a aisghabháil;

(k) dramhaíl agus fuíoll a thagann as oibríochtaí monaraithe a rinneadh ansin;

(l) táirgí a eastóscadh as grinneall na farraige nó as limistéar faoi bhun ghrinneall na farraige atá lasmuigh dá fharraige theorann ach a bhfuil cearta eisiacha saothraithe aige ina leith;

(m) earraí a tháirgtear sa Pháirtí sin arb earraí iad a tháirgtear as na táirgí a luaitear go sonrach i bpointí (a) go (l) agus as na táirgí sin amháin.

2. Ní bheidh feidhm ag na téarmaí 'soithí an Pháirtí sin' agus 'longa próiseála an Pháirtí sin' i bpointí (h) agus (i) mhír 1 faoi seach ach amháin maidir le soithí agus longa próiseála a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(a) go bhfuil siad cláraithe sa Pháirtí is onnmhaireoir nó sa Pháirtí is allmhaireoir;

(b) gurb í bratach an Pháirtí is onnmhaireoir nó an Pháirtí is allmhaireoir a bhíonn ar foluain acu;

(c) go gcomhlíonann siad ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) go bhfuil siad faoi úinéireacht 50 % ar a laghad ag náisiúnaigh den Pháirtí is onnmhaireoir nó den Pháirtí is allmhaireoir; nó

(ii) gur le cuideachtaí iad:

a bhfuil a bpríomhoifig agus a bpríomhionad gnó sa Pháirtí is onnmhaireoir nó sa Pháirtí is allmhaireoir; agus

go bhfuil siad faoi úinéireacht 50 % ar a laghad ag an bPáirtí is onnmhaireoir nó ag an bPáirtí is allmhaireoir nó ag eintitis phoiblí na bPáirtithe sin nó ag náisiúnaigh de na Páirtithe sin.

3. Chun críoch mhír 2, nuair is é an tAontas Eorpach an Páirtí is onnmhaireoir nó an Páirtí is allmhaireoir, ciallaíonn sé Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

4. Chun críoch mhír 2, measfar go bhfuil Stáit CSTE ina bPáirtí Conarthach amháin a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

***Oibriú nó próiseáil leordhóthanach***

1. Gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo agus d'Airteagal 6, táirgí nach bhfaightear go hiomlán i bPáirtí, measfar go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach orthu nuair a chomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos sa liosta in Iarscríbhinn II maidir leis na hearraí lena mbaineann.

2. Maidir le táirge a fuair stádas tionscnaimh i bPáirtí i gcomhréir le mír 1, má úsáidtear an táirge sin mar ábhar chun táirge eile a mhonarú, ní chuirfear san áireamh na hábhair neamhthionscnaimh a d'fhéadfaí a úsáideadh chun é a mhonarú.

3. I gcás gach táirge, cinnfear cé acu a chomhlíontar ceanglais mhír 1 den Airteagal seo nó nach gcomhlíontar.

   Os a choinne sin, i gcás ina mbeidh an riail ábhartha bunaithe ar chomhlíonadh uasmhéid d'ábhair neamhthionscnaimh, féadfaidh údaráis chustaim na bPáirtithe a údarú d'onnmhaireoirí praghas an táirge díreach ón monarcha agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh ar bhonn meánluachanna mar a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo, d'fhonn na luaineachtaí i gcostais agus i rátaí airgeadra a chur san áireamh.

4. I gcás ina mbeidh feidhm ag an dara fomhír de mhír 3, ríomhfar meánphraghas an táirge

díreach ón monarcha agus meánluach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh ar bhonn shuim na bpraghsanna díreach ón monarcha a gearradh maidir le díolacháin uile na dtáirgí a rinneadh le linn na bliana fioscaí roimhe sin agus ar bhonn shuim na n-ábhar neamhthionscnaimh uile a úsáideadh chun na táirgí sin a mhonarú le linn na bliana fioscaí roimhe sin mar a shainítear sa Pháirtí is onnmhaireoir, nó, i gcás nach mbeidh figiúirí le haghaidh bliain fhioscach iomlán ar fáil, le haghaidh tréimhse is lú, ar tréimhse nach lú ná 3 mhí í.

5. Onnmhaireoirí a shocróidh an ríomh a dhéanamh ar bhonn meánluachanna, cuirfidh siad an modh sin i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana tar éis na bliana fioscaí tagartha, nó, i gcás inarb iomchuí, le linn na bliana tar éis na tréimhse is giorra a úsáidtear mar thagairt. Féadfaidh siad stad den mhodh sin a chur i bhfeidhm i gcás ina dtugann faoi deara, le linn bliain fhioscach ar leith nó le linn tréimhse ionadaíoch is lú ná 3 mhí, go bhfuil deireadh leis na luaineachtaí i gcostais nó i rátaí airgeadra a thug údar cuí le modh den sórt sin a úsáid.

6. Úsáidfear na meánluachanna dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo mar phraghas díreach ón monarcha agus mar luach na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi seach, chun a shuí go gcomhlíontar an t-uasmhéid d’ábhair neamhthionscnaimh.

*Airteagal 5*

***Riail lamháltais***

1. De mhaolú ar Airteagal 4 agus faoi réir mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, ábhair neamhthionscnaimh nach ceart a úsáid chun táirge áirithe a mhonarú, de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa liosta in Iarscríbhinn II, féadfar na hábhair sin a úsáid mar sin féin, ar choinníoll nach mó a nglanmheáchan iomlán nó a nglanluach iomlán arna measúnú le haghaidh an táirge ná:

   (a) 15 % de ghlanmheáchan an táirge atá faoi Chaibidil 2 agus faoi Chaibidlí 4 go 24, seachas táirgí iascaigh próiseáilte atá faoi Chaibidil 16;

   (b) 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha i gcás táirgí seachas na táirgí sin a chumhdaítear le pointe (a).

   Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le táirgí atá faoi Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, ar táirgí iad a mbeidh feidhm ag na lamháltais a luaitear i Nótaí 6 agus 7 d'Iarscríbhinn I maidir leo.

2. Le mír 1 den Airteagal seo ní cheadaítear dul thar aon cheann de na céatadáin maidir le huasmhéid ábhair neamhthionscnaimh mar a shonraítear sna rialacha a leagtar síos sa liosta in Iarscríbhinn II.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le táirgí a fhaightear go

hiomlán i bPáirtí de réir bhrí Airteagal 3. Gan dochar d'Airteagal 6 agus d'Airteagal 9(1), áfach, beidh feidhm ag an lamháltas dá bhforáiltear sna forálacha sin maidir le táirgí arb ina leith a cheanglaítear leo an riail a leagtar síos sa liosta in Iarscríbhinn II, go bhfaighfear go hiomlán na hábhair a úsáidtear chun an táirge sin a mhonarú.

*Airteagal 6*

***Oibriú nó próiseáil easpach***

1. Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, measfar nach leor an t-oibriú ná an phróiseáil a dhéantar sna hoibríochtaí seo a leanas chun gur féidir stádas táirge tionscnaimh a thabhairt, bíodh ceanglais Airteagal 4 comhlíonta nó ná bídís:

(a) oibríochtaí caomhnaithe atá dírithe ar a áirithiú go mbeidh dea-bhail ar na táirgí le linn iompair agus stórála;

(b) briseadh agus cóimeáil pacáistí;

(c) ní, glanadh; deannach, ocsaíd, ola, péint nó cumhdaigh eile a bhaint;

(d) teicstílí a iarnáil nó a phreasáil;

(e) oibríochtaí simplí péinteála agus snasúcháin;

(f) rís a scilligeadh agus a mhuilleáil go páirteach nó go hiomlán; gránaigh agus rís a shnasú agus a ghlónrú;

(g)oibríochtaí lena ndéantar siúcra a dhathú nó a bhlaistiú nó lena ndéantar cnapshiúcra;

siúcra gránaithe a mheilt go páirteach nó ina iomláine;

(h) torthaí, cnónna agus glasraí a scileadh, an craiceann a bhaint díobh agus na clocha a bhaint astu;

(i) géarú, meilt shimplí nó gearradh simplí;

(j) criathrú, scagadh, sórtáil, aicmiú, grádú, comhoiriúnú; (lena n-áirítear tacair earraí a dhéanamh);

(k) an táirge a chur go simplí i mbuidéil, i gcannaí, i bhfleascáin, i málaí, i gcásanna, i mboscaí, a dhaingniú ar chartaí nó ar chláir, agus gach oibríocht pacáistithe shimplí eile;

(l) marcanna, lipéid, suaitheantais agus comharthaí idirdhealaithe den chineál sin a ghreamú de tháirgí nó dá bpacáistíocht nó iad a phriontáil orthu;

(m) táirgí a mheascadh go simplí, bídís ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídís;

(n)siúcra a mheascadh le haon ábhar eile;

(o) uisce a chur go simplí le táirgí nó iad a chaolú, a dhíhiodráitiú nó a dhínádúrú go simplí;

(p) codanna d'earraí a chóimeáil go simplí chun earra iomlán a dhéanamh nó táirgí a dhíchóimeáil ina gcodanna;

(q)ainmhithe a mharú;

(r) teaglaim de dhá cheann nó níos mó de na hoibríochtaí a luaitear go sonrach i bpointí (a) go (q).

2. Na hoibríochtaí uile a dhéantar sa Pháirtí is onnmhaireoir ar tháirge áirithe, cuirfear san áireamh iad nuair a chinnfear an easpach an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ar an táirge sin de réir bhrí mhír 1 den Airteagal seo.

*Airteagal 7*

***Carnadh tionscnaimh***

1. Gan dochar d'Airteagal 2, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir táirgí a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile más ansin a fhaightear iad, táirgí ina bhfuil ábhair de thionscnamh aon Pháirtí Conarthach a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm seachas an Páirtí is onnmhaireoir ar choinníoll gur mó an t-oibriú nó an phróiseáil a dhéanfar sa Pháirtí is onnmhaireoir ná na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6. Ní bheidh sé riachtanach oibriú leordhóthanach ná próiseáil leordhóthanach a bheith déanta ar na hábhair sin.

2. I gcás nach mó an t-oibriú nó an phróiseáil a dhéantar sa Pháirtí is onnmhaireoir ná na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6, an táirge a fhaightear trí ábhair a bheith ann atá de thionscnamh aon Pháirtí Conarthach eile a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir é, ach amháin i gcás inar mó an breisluach ná luach na n-ábhar a úsáideadh de thionscnamh aon Pháirtí Conarthach eile a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm. Murab amhlaidh sin, i dtaca leis an táirge a fuarthas measfar é a bheith de thionscnamh an Pháirtí Chonarthaigh a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm lena mbaineann an luach is airde ábhar tionscnaimh a úsáideadh le linn na monaraíochta sa Pháirtí is onnmhaireoir.

3. Gan dochar d'Airteagal 2, agus gan táirgí atá faoi Chaibidlí 50 go 63 a áireamh, oibriú nó próiseáil a dhéantar i bPáirtí Conarthach a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm seachas sa Pháirtí is onnmhaireoir measfar é a bheith déanta sa Pháirtí is onnmhaireoir nuair a dhéantar oibriú nó próiseáil ina dhiaidh sin ar na táirgí a fhaightear sa Pháirtí is onnmhaireoir sin.

4. Gan dochar d'Airteagal 2, i gcás táirgí atá faoi Chaibidlí 50 go 63 agus chun críche trádála fabhraí idir na Páirtithe, oibriú nó próiseáil a dhéantar sa Pháirtí is allmhaireoir, measfar é a bheith déanta sa Pháirtí is onnmhaireoir nuair a dhéantar oibriú nó próiseáil ina dhiaidh sin ar na táirgí sa Pháirtí is onnmhaireoir sin.

   Chun críoch na míre seo, measfar go bhfuil na rannpháirtithe i bpróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na Moldóive ina bPáirtí amháin a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm.

5. Féadfaidh na Páirtithe síneadh a chur le cur i bhfeidhm mhír 3 den Airteagal seo maidir le hallmhairiú táirgí atá faoi Chaibidlí 50 go 63 go haontaobhach. Páirtí a roghnóidh síneadh den sórt sin tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi agus cuirfidh an Páirtí sin an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi sin de réir Airteagal 8(2).

6. Chun críche carnadh de réir bhrí mhíreanna 3 go 5 den Airteagal seo, ní mheasfar gur de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir na táirgí tionscnaimh ach amháin más mó an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ná na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6.

7. Táirgí de thionscnamh i gceann de na Páirtithe Conarthacha a chuirfidh na rialacha i

bhfeidhm dá dtagraítear i mír 1, ar táirgí iad nach ndearnadh aon oibriú ná aon phróiseáil orthu sa Pháirtí is onnmhaireoir, coinneoidh siad a stádas tionscnaimh má onnmhairítear iad chuig ceann de na Páirtithe Conarthacha eile a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm.

*Airteagal 8*

***Coinníollacha maidir le carnadh tionscnaimh a chur i bhfeidhm***

1. Féadfar an carnadh dá bhforáiltear in Airteagal 7 a chur i bhfeidhm ar choinníoll:

(a) go mbeidh comhaontú um thrádáil fhabhrach de réir Airteagal XXIV den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (CGTT) infheidhme idir na Páirtithe Conarthacha a bheidh rannpháirteach i stádas tionscnaimh a fháil agus an Páirtí Conarthach ceann scríbe a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm; agus

(b) go bhfuil stádas tionscnaimh faighte ag earraí trí rialacha tionscnaimh a chur i bhfeidhm arb ionann iad agus na rialacha a leagtar amach sna Rialacha seo.

1a. D'ainneoin fhomhír 1(b), féadfar an carnadh dá bhforáiltear in Airteagal 7 a chur i bhfeidhm maidir le hearraí a aicmítear faoi Chaibidlí 1, 3, 16 (i gcás táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidil 25 go Caibidil 97 den Chóras Comhchuibhithe a bhfuil stádas tionscnaimh faighte acu trí rialacha tionscnaimh a chur i bhfeidhm de réir Fhoscríbhinn I agus de réir na bhforálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, ar choinníoll gur de thionscnamh na bPáirtithe Conarthacha a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm iad na hábhair agus na táirgí ar féidir carnadh a dhéanamh ina leith.

2. Fógraí ina sonraítear gur comhlíonadh na ceanglais is gá chun carnadh a chur i bhfeidhm, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) agus i bhfoilseachán oifigiúil san Éigipt, i gcomhréir lena nósanna imeachta féin.

Beidh feidhm ag an gcarnadh dá bhforáiltear in Airteagal 7 ón dáta a shonraítear sna fógraí sin.

Soláthróidh na Páirtithe sonraí don Choimisiún Eorpach maidir leis na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le Páirtithe Conarthacha eile a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, lena n-áirítear dátaí theacht i bhfeidhm na Rialacha seo.

3. Ar an gcruthúnas tionscnaimh ba cheart an ráiteas seo a leanas a áireamh i mBéarla 'CUMULATION APPLIED WITH (ainm an Pháirtí Chonarthaigh/na bPáirtithe Conarthacha ábhartha a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm i mBéarla)' nuair a thugtar stádas tionscnaimh do tháirgí tríd an gcarnadh tionscnaimh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Airteagal 7.

I gcásanna ina n-úsáidfear deimhniú gluaiseachta EUR.1 mar chruthúnas tionscnaimh, is i mBosca 7 den deimhniú gluaiseachta EUR.1 a dhéanfar an ráiteas sin.

4. Féadfaidh na Páirtithe a chinneadh, i gcás na dtáirgí a onnmhairítear chucu, ar táirgí iad a fuair an stádas tionscnaimh sa Pháirtí is onnmhaireoir trí charnadh tionscnaimh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7, go dtarscaoilfear an oibleagáid an ráiteas dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a chur ar an gcruthúnas tionscnaimh.

Tabharfaidh na Páirtithe fógra don Choimisiún Eorpach faoin tarscaoileadh sin de réir Airteagal 8(2).

*Airteagal 9*

***Aonad incháilitheachta***

1. Is é a bheidh san aonad incháilitheachta le haghaidh chur i bhfeidhm fhorálacha na Rialacha seo an táirge sonrach a meastar gurb é an bunaonad é agus an t-aicmiú á chinneadh le hainmníocht an Chórais Comhchuibhithe. Dá bhrí sin:

(a) i gcás ina ndéantar táirge, ar táirge é atá déanta as grúpa earraí nó as comhthiomsú earraí, a aicmiú faoi aon cheannteideal amháin de réir théarmaí an Chórais Comhchuibhithe, is é an táirge ina iomláine a bheidh san aonad incháilitheachta;

(b) nuair is coinsíneacht é ina bhfuil líon táirgí comhionanna atá aicmithe faoi aon cheannteideal amháin den Chóras Comhchuibhithe, cuirfear gach táirge aonair san áireamh agus forálacha na Rialacha seo á gcur i bhfeidhm.

2. I gcás ina n-áireofar, faoi Riail Ghinearálta 5 den Chóras Comhchuibhithe, an phacáistíocht in éineacht leis an táirge chun críoch aicmithe, áireofar í chun an áit tionscnaimh a chinneadh.

3. Gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí a sheoltar in éineacht le píosa trealaimh, meaisín, fearas nó feithicil, ar cuid den ghnáth-threalamh iad agus atá ar áireamh i bpraghas an ghnáth-threalaimh díreach ón monarcha, measfar gur cuid den phíosa trealaimh, den inneall, den fhearas nó den fheithicil sin iad.

*Airteagal 10*

***Tacair***

Maidir le tacair, mar a shainmhínítear i Riail Ghinearálta 3 den Chóras Comhchuibhithe iad, measfar gur tacair thionscnaimh iad más páirteanna tionscnaimh na páirteanna uile iontu.

Dá ainneoin sin, nuair is tacar é atá comhdhéanta de tháirgí tionscnaimh agus de tháirgí neamhthionscnaimh, measfar gur tacar tionscnaimh an tacar ina iomláine, ar choinníoll nach mó luach na dtáirgí neamhthionscnaimh ná 15 % de phraghas an tacair díreach ón monarcha.

*Airteagal 11*

***Eilimintí neodracha***

Chun a chinneadh an táirge tionscnaimh é an táirge, ní chuirfear san áireamh tionscnamh na nithe seo a leanas is féidir a úsáid le linn an mhonaraithe:

(a) fuinneamh agus breosla;

(b) gléasra agus trealamh;

(c) meaisíní agus uirlisí;

(d) aon earra eile nach dtéann isteach agus nach bhfuil ceaptha dul isteach i gcomhdhéanamh deiridh an táirge.

*Airteagal 12*

***Deighilt chuntasaíochta***

1. Má úsáidtear ábhair idirmhalartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh le linn oibriú nó próiseáil táirge, is féidir le hoibreoirí eacnamaíocha a áirithiú go ndéanfar ábhair a bhainistiú trí úsáid a bhaint as an modh deighilte cuntasaíochta, gan na hábhair a choimeád ar stoic ar leithligh.

2. Is féidir le hoibreoirí eacnamaíocha bainistiú táirgí idirmhalartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 1701 a áirithiú trí úsáid a bhaint as an modh deighilte cuntasaíochta, gan na táirgí a choimeád ar stoic ar leithligh.

3. Féadfaidh na Páirtithe ceanglas a leagan síos go gcuirfear deighilt chuntasaíochta i bhfeidhm ach údarú a fháil roimh ré ó na húdaráis Chustaim. Féadfaidh na húdaráis Chustaim an t-údarú a dheonú faoi réir aon choinníoll a mheasann siad a bheith iomchuí agus déanfaidh siad faireachán ar an úsáid a bhainfear as an údarú. Féadfaidh na húdaráis Chustaim an t-údarú a tharraingt siar aon uair a bhainfidh an tairbhí úsáid mhíchuí as an údarú ar aon bhealach nó aon uair a mhainneoidh sé aon cheann de na coinníollacha eile a leagtar síos sna Rialacha seo a chomhlíonadh.

   Ní fhéadfar úsáid a bhaint as an deighilt chuntasaíochta ach amháin más féidir a áirithiú, aon tráth, nach mó an líon táirgí a mheastar mar 'tháirgí de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir' ná mar a mheasfaí dá n-úsáidfí modh deighilte fisicí le haghaidh na stoc.

   Cuirfear an modh i bhfeidhm agus taifeadfar a chur i bhfeidhm ar bhonn na bprionsabal cuntasaíochta ginearálta is infheidhme sa Pháirtí is onnmhaireoir.

4. Tairbhí an mhodha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, soláthróidh sé cruthúnais tionscnaimh

le haghaidh chainníocht na dtáirgí a bhféadfadh a mheas gur de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir iad, nó cuirfidh sé isteach ar na cruthúnais tionscnaimh sin. Ach iarratas a fháil ó na húdaráis chustaim, soláthróidh an tairbhí ráiteas faoin gcaoi ar bainistíodh na cainníochtaí.

# TEIDEAL III

# CEANGLAIS CHRÍOCHACHA

*Airteagal 13*

***Prionsabal an chríochachais***

1. Déanfar na coinníollacha a leagtar amach i dTeideal II a chomhlíonadh gan bhriseadh sa Pháirtí lena mbaineann.

2. Má dhéantar táirgí tionscnaimh a onnmhairíodh ó Pháirtí go tír eile a chur ar ais, measfar gur táirgí neamhthionscnaimh iad, mura féidir an méid seo a leanas a léiriú chun sástacht na n-údarás custaim:

(a) na táirgí siúd a cuireadh ar ais, is iad na táirgí céanna a onnmhairíodh; agus

(b) nach ndearnadh aon oibríocht orthu thar mar is gá chun bail mhaith a choimeád orthu le linn dóibh a bheith sa tír sin nó le linn a n-onnmhairithe.

3. Maidir le hoibriú nó próiseáil a dhéantar lasmuigh den Pháirtí is onnmhaireoir, ar ábhair a

onnmhairítear ón bPáirtí sin agus a ath-allmhairítear chuige ina dhiaidh sin, ní dhéanfaidh an méid sin difear do stádas tionscnaimh a fháil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i dTeideal II, ar choinníoll:

(a) go bhfuarthas na hábhair sin ina n-iomláine sa Pháirtí is onnmhaireoir nó go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6 sular onnmhairíodh iad; agus

(b) gur féidir a léiriú chun sástacht na n-údarás custaim:

(i) go bhfuarthas na táirgí a ath-allmhairíodh trí oibriú nó próiseáil a dhéanamh ar na hábhair a onnmhairíodh; agus

(ii) nach bhfuil an breisluach iomlán a fuarthas lasmuigh den Pháirtí is onnmhaireoir, tríd an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, níos mó ná 10 % den phraghas díreach ón monarcha le haghaidh an táirge deiridh dá maítear an stádas tionscnaimh.

4. Chun críocha mhír 3 den Airteagal seo, na coinníollacha a leagtar amach i dTeideal II maidir le stádas tionscnaimh a fháil, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha sin maidir le hoibriú nó próiseáil a dhéantar lasmuigh den Pháirtí is onnmhaireoir. Mar sin féin, i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm, sa liosta in Iarscríbhinn II, riail chun stádas tionscnaimh an táirge deiridh a chinneadh lena socraítear luach uasta na n-ábhar neamhthionscnaimh a ionchorpraítear, ní bheidh luach iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh a ionchorpraítear i gcríoch an Pháirtí is onnmhaireoir, in éineacht leis an mbreisluach iomlán a fuarthas lasmuigh den Pháirtí sin tríd an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, ní bheidh sé níos mó ná an céatadán atá luaite.

5. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm, measfar go gciallóidh 'breisluach iomlán' gach costas arna thabhú lasmuigh den Pháirtí is onnmhaireoir, lena n-áirítear luach na n-ábhar a ionchorpraítear ansin.

6. Míreanna 3 ná 4 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm acu maidir le táirgí nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa liosta in Iarscríbhinn II nó nach féidir a mheas go ndearnadh leoroibriú nó leorphróiseáil orthu ach amháin má chuirtear an lamháltas ginearálta a shocraítear in Airteagal 5 i bhfeidhm.

7. Is faoi na socruithe próiseála amach, nó faoi shocruithe comhchosúla, a dhéanfar aon oibriú nó próiseáil den sórt a chumhdaítear leis an Airteagal seo agus a dhéantar lasmuigh den Pháirtí is onnmhaireoir.

*Airteagal 14*

***Neamhathrú***

1. Ní bheidh feidhm leis an gcóir fhabhrach dá bhforáiltear faoin gComhaontú seo ach maidir le táirgí a shásóidh ceanglais na Rialacha seo agus a dhearbhófar le haghaidh allmhairiú i bPáirtí, ar choinníoll gurb iad sin na táirgí céanna a onnmhairíodh ón bPáirtí is onnmhaireoir. Ní bheidh athrú ná claochlú déanta ar na hearraí ar aon bhealach ná ní bheidh oibríochtaí déanta orthu ach amháin chun dea-bhail a choinneáil orthu nó chun marcanna, lipéid, séalaí nó aon doiciméad a chur leo nó a ghreamú díobh lena áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais intíre shonracha de chuid an Pháirtí is allmhaireoir arna ndéanamh faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír (sna tríú tíortha) idirthurais, nó chun iad a roinnt sula ndéantar iad a dhearbhú le haghaidh úsáid intíre.

2. Féadfar táirgí nó coinsíneachtaí a stóráil ar choinníoll go bhfanfaidh siad faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír (sna tríú tíortha) idirthurais.

3. Gan dochar do Theideal V den Fhoscríbhinn seo, féadfar táirgí nó coinsíneachtaí a roinnt ar choinníoll go bhfanfaidh siad faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír (nó sna tríú tíortha) ina ndéantar an roinnt.

4. I gcás amhrais, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir, aon tráth, a iarraidh ar an allmhaireoir nó ar a ionadaí gach doiciméad iomchuí a chur faoina bhráid chun fianaise a sholáthar go bhfuil an tAirteagal seo á chomhlíonadh, fianaise is féidir a sholáthar trí aon fhianaise dhoiciméadach, agus go háirithe ar na dóigheanna seo a leanas:

(a) doiciméid iompair chonarthacha amhail billí luchta;

(b) fianaise fhíorasach nó nithiúil atá bunaithe ar mharcáil nó uimhriú pacáistí;

(c) deimhniú neamhchúblála arna sholáthar ag údaráis chustaim na tíre (na dtíortha) idirthurais nó na tíre (na dtíortha) ina ndéantar an roinnt, nó aon doiciméid eile a léiríonn gur fhan na hearraí faoi mhaoirseacht chustaim sa tír (sna tíortha) idirthurais nó sa tír (sna tíortha) ina ndearnadh an roinnt; nó

(d) aon fhianaise a bhaineann leis na hearraí féin.

*Airteagal 15*

***Taispeántais***

1. Táirgí tionscnaimh a sheoltar lena dtaispeáint i dtír seachas tír a bhfuil an carnadh infheidhme maidir léi i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 agus a dhíoltar tar éis an taispeántais lena n-allmhairiú isteach i bPáirtí, beidh an Comhaontú ábhartha ina shochar acu tráth a n-allmhairithe ar choinníoll go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim:

(a) gur choinsínigh onnmhaireoir na táirgí sin ó Pháirtí chuig an tír ina raibh an taispeántas ar siúl agus gur thaispeáin sé ann iad;

(b) go ndearna an t-onnmhaireoir sin na táirgí a dhíol nó a dhiúscairt ar dhóigh eile le duine i bPáirtí eile;

(c) gur coinsíníodh na táirgí, le linn an taispeántais nó go díreach tar éis an taispeántais sa stát ar seoladh isteach ann iad lena dtaispeáint; agus

(d) nár úsáideadh na táirgí, ó coinsíníodh iad lena dtaispeáint, chun aon chríoch seachas chun iad a léiriú ag an taispeántas.

2. Eiseofar cruthúnas tionscnaimh nó a tharraingeofar suas cruthúnas tionscnaimh i gcomhréir le Teideal V den Fhoscríbhinn seo agus a chur isteach chuig údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir ar an ngnáthmhodh. Beidh ainm agus seoladh an taispeántais luaite air. Más gá, féadfar fianaise dhoiciméadach eile a éileamh maidir leis na coinníollacha inar taispeánadh iad.

3. Beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le haon taispeántas trádála, tionscail, talmhaíochta nó ceardaíochta, aon aonach nó léiriú nó taispeántas poiblí comhchosúil nach n-eagraítear chun críoch príobháideach i siopaí nó in áitribh ghnó d'fhonn táirgí eachtrannacha a dhíol agus a bhfanann na táirgí faoi rialú custaim lena linn.

# TEIDEAL IV
# AISÍOCAÍOCHT NÓ DÍOLÚINE

*Airteagal 16*

***Aisíocaíocht dleachtanna custaim nó díolúine uathu***

1. Ábhair neamhthionscnaimh a mbaintear úsáid astu i monarú táirgí a thagann faoi Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, ar táirgí de thionscnamh Páirtí iad a ndéantar cruthúnas tionscnaimh a eisiúint nó a tharraingt suas ina leith i gcomhréir le Teideal V den Fhoscríbhinn seo, ní dhéanfar dleachtanna custaim d'aon chineál a aisíoc maidir leis na hábhair sin, ná ní thabharfar díolúine uathu, sa Pháirtí is onnmhaireoir.

2. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 den Airteagal seo maidir le haon socrú chun aisíoc, loghadh nó neamhíocaíocht a dhéanamh, go pointe áirithe nó go hiomlán, ar dhleachtanna custaim, nó ar mhuirir a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu, is infheidhme sa Pháirtí is onnmhaireoir maidir le hábhair a úsáidtear sa mhonarú, má tá feidhm ag an aisíoc, an loghadh nó an neamhíocaíocht sin, go sainráite nó iarbhír, sa chás go n-onnmhairítear táirgí a fhaightear ó na hábhair sin seachas iad a choinneáil ansin le haghaidh úsáid intíre.

3. Beidh onnmhaireoir na dtáirgí atá cumhdaithe ag cruthúnas tionscnaimh ullamh tráth ar bith

chun gach doiciméad iomchuí a chur faoi bhráid na n-údarás custaim, arna iarraidh sin dóibh, lena gcruthaítear nach bhfuarthas aon aisíocaíocht i leith na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh chun na táirgí lena mbaineann a mhonarú agus gur íocadh, iarbhír, gach dleacht custaim nó muirear a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige is infheidhme maidir le hábhair den sórt sin.

4. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 den Airteagal seo maidir le trádáil idir na Páirtithe i gcás táirgí a fuair stádas tionscnaimh trí charnadh tionscnaimh a chur i bhfeidhm mar a chumhdaítear in Airteagal 7 (4) nó (5).

5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 den Airteagal seo maidir le trádáil dhéthaobhach idir na Páirtithe gan an carnadh a chur i bhfeidhm maidir le táirgí de thionscnamh aon Pháirtí Conarthach eile a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm.

# TEIDEAL V
# CRUTHÚNAS TIONSCNAIMH

*Airteagal 17*

***Ceanglais ghinearálta***

1. Beidh forálacha an Chomhaontaithe seo ina sochar ag táirgí de thionscnamh ceann de na Páirtithe tráth a allmhaireofar isteach sa Pháirtí eile iad má chuirtear isteach ceann amháin de na cruthúnais tionscnaimh seo a leanas:

   (a) deimhniú gluaiseachta EUR.1, a bhfuil sampla de in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo;

(b) sna cásanna atá sonraithe in Airteagal 18(1), dearbhú, dá ngairtear an 'dearbhú tionscnaimh' anseo feasta, arna thabhairt ag an allmhaireoir ar shonrasc, ar nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile ina bhfuil tuairisc ar na táirgí lena mbaineann agus atá mionsonraithe go leor chun iad a shainaithint; tá téacs an dearbhaithe tionscnaimh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo.

2. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, beidh forálacha an Chomhaontaithe seo ina sochar ag táirgí tionscnaimh de réir bhrí na Rialacha seo sna cásanna atá sonraithe in Airteagal 27 gan é a bheith ina cheangal aon cheann de na cruthúnais tionscnaimh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin a chur isteach.

3. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Páirtithe aontú, ar mhaithe le trádáil fhabhrach eatarthu, go ndéanfar ráitis maidir le tionscnamh arna dtarraingt suas ag onnmhaireoirí atá cláraithe i mbunachar sonraí leictreonach, i gcomhréir le reachtaíocht inmheánach na bPáirtithe, a chur in ionad na gcruthúnas tionscnaimh a liostaítear i bpointí (a) agus (b) i mír 1.

I dtaca le ráiteas maidir le tionscnamh a úsáid, ráiteas arna tharraingt suas ag na honnmhaireoirí atá cláraithe i mbunachar sonraí leictreonach atá comhaontaithe ag dhá Pháirtí Chonarthacha nó níos mó a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, ní chuirfidh sé bac ar an úsáid a bhaintear as carnadh trasnánach le Páirtithe Conarthacha eile a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm.

4. Chun críocha mhír 1, féadfaidh na Páirtithe aontú córas a bhunú lena gceadaítear cruthúnais tionscnamh a liostaítear i bpointí (a) agus (b) i mír 1 a eisiúint go leictreonach agus/nó a chur isteach go leictreonach.

5. Chun críoch Airteagal 7, i gcás ina gcuirtear Airteagal 8(4) i bhfeidhm, an t-onnmhaireoir i bPáirtí Conarthach cur i bhfeidhm, a eiseoidh cruthúnas tionscnaimh nó a dhéanfaidh iarratas ar chruthúnas tionscnaimh ar bhonn cruthúnas tionscnaimh eile a tarscaoileadh ón oibleagáid an ráiteas in Airteagal 8(3) a chur san áireamh, déanfaidh sé gach beart is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le carnadh a chur i bhfeidhm agus beidh sé ullamh chun na doiciméid ábhartha uile a chur faoi bhráid na n-údarás custaim.

*Airteagal 18*

***Coinníollacha maidir le dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas***

1. Is féidir leis na daoine seo a leanas dearbhú tionscnaimh dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 17(1) a tharraingt suas:

   (a) onnmhaireoir formheasta de réir bhrí Airteagal 19; nó

   (b) aon onnmhaireoir i gcás aon choinsíneacht arb éard atá inti pacáiste amháin nó níos mó ina bhfuil táirgí tionscnaimh nach mó a luach iomlán ná EUR 6 000.

2. Féadfar dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas más féidir a mheas gur de thionscnamh Páirtí Conarthach a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm iad na táirgí agus má chomhlíonann siad na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.

3. An t-onnmhaireoir a tharraingíonn suas dearbhú tionscnaimh, beidh sé réidh ag aon tráth, ar iarratas ó údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir, na doiciméid iomchuí uile a chur isteach lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann chomh maith le comhlíonadh na gceanglas eile atá sna Rialacha seo.

4. Is é an t-onnmhaireoir a tharraingeoidh an dearbhú tionscnaimh suas tríd an dearbhú, a

bhfuil a théacs in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo, a chlóscríobh, a stampáil nó a phriontáil ar an sonrasc, ar an nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile, ag úsáid ceann de na leaganacha teangacha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta na tíre onnmhairithe. Má dhéantar an dearbhú a scríobh de láimh, is le dúch agus le carachtair phriontáilte a dhéanfar sin.

5. Beidh bunsíniú an onnmhaireora lámhscríofa ar dhearbhuithe tionscnaimh. Dá ainneoin sin, ní bheidh ar onnmhaireoir atá formheasta de réir bhrí Airteagal 19 na dearbhuithe sin a shíniú ar choinníoll go dtugann sé gealltanas i scríbhinn d'údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir go nglacann sé freagracht iomlán as aon dearbhú tionscnaimh ar a bhfuil sé aitheanta, mar a bheadh sé sínithe de láimh aige.

6. Féadfaidh an t-onnmhaireoir dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas tráth a onnmhaireofar na táirgí a mbaineann sé leo, nó tar éis a n-onnmhairithe (an 'dearbhú tionscnaimh cúlghabhálach') ar choinníoll go gcuirfear i láthair é sa tír allmhairithe laistigh de dhá bhliain tar éis allmhairiú na dtáirgí a mbaineann sé leo.

I gcás ina ndéantar na coinsíneachtaí a roinnt i gcomhréir le hAirteagal 14(3) agus ar choinníoll go n-urramaítear an sprioc-am céanna de dhá bhliain, déanfaidh onnmhaireoir formheasta Pháirtí onnmhairithe na dtáirgí an dearbhú tionscnaimh cúlghabhálach a tharraingt suas.

*Airteagal 19*

***Onnmhaireoir formheasta***

1. Féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir, faoi réir na gceanglas náisiúnta, aon onnmhaireoir atá bunaithe sa Pháirtí sin (an 't-onnmhaireoir formheasta'), a údarú chun dearbhuithe tionscnaimh a tharraingt suas gan beann ar luach na dtáirgí lena mbaineann.

2. Ní mór don onnmhaireoir a iarann údarú den sórt sin, na ráthaíochtaí uile a tabhairt, chun sástacht na n-údarás custaim, is gá chun a fhíorú go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.

3. Tabharfaidh údaráis chustaim na tíre onnmhairithe uimhir údarúcháin chustaim don onnmhaireoir formheasta, agus beidh an uimhir sin le feiceáil ar an dearbhú tionscnaimh.

4. Déanfaidh na húdaráis chustaim a fhíorú go mbaintear úsáid chuí as an údarú. Féadfaidh siad an t-údarú a tharraingt siar má bhaineann an t-onnmhaireoir formheasta úsáid mhíchuí as agus déanfaidh siad amhlaidh mura dtugann an t-onnmhaireoir formheasta na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a thuilleadh.

*Airteagal 20*

***Nós imeachta maidir le deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint***

1. Eiseoidh údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir deimhniú gluaiseachta EUR.1 ar iarratas i scríbhinn ón onnmhaireoir nó, faoi fhreagracht an onnmhaireora, óna ionadaí údaraithe.

2. Chun na críche sin, déanfaidh an t-onnmhaireoir nó a ionadaí údaraithe an deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus an fhoirm iarratais araon a líonadh isteach, nithe a bhfuil samplaí díobh in Iarscríbhinn IV den Fhoscríbhinn seo. Líonfar isteach na foirmeacha sin i gceann éigin de na teangacha inar tarraingíodh suas an Comhaontú agus i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta na tíre is onnmhaireoir. Má dhéantar an dearbhú a scríobh de láimh, is le dúch agus le carachtair phriontáilte a dhéanfar sin. Cuirfear an tuairisc ar na táirgí sa bhosca atá ann chun na críche sin gan aon líne a fhágáil bán. Mura mbeidh an bosca líonta isteach ina iomláine, tarraingeofar líne chothrománach faoi bhun líne dheireanach na tuairisce agus crosálfar an spás bán.

3. Ba cheart an ráiteas i mBéarla 'TRANSITIONAL RULES' a bheith i mbosca 7 an deimhnithe gluaiseachta EUR.1.

4. Déanfaidh an t-onnmhaireoir atá ag cur iarratas isteach ar eisiúint deimhniú gluaiseachta EUR.1, tráth ar bith, ar iarratas ó údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir ina n-eisítear an deimhniú gluaiseachta EUR.1, na doiciméid iomchuí uile a chur ar fáil ina bhfuil cruthúnas go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí lena mbaineann agus gur comhlíonadh na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.

5. Eiseoidh údaráis inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir deimhniú gluaiseachta EUR.1 más féidir a mheas gur táirgí tionscnaimh iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.

6. Déanfaidh na húdaráis chustaim a eiseoidh na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 aon bheart is gá chun stádas tionscnaimh na dtáirgí agus comhlíonadh na gceanglas eile atá sna Rialacha seo a fhíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó tabhairt faoi aon sheiceáil eile a mheasfar a bheith iomchuí. Áiritheoidh siad freisin gur líonadh isteach go hiomchuí na foirmeacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Go háirithe, seiceálfaidh siad ar líonadh isteach an spás don tuairisc ar na táirgí ar bhealach nach féidir cur leis go calaoiseach in aon chor.

7. Beidh dáta eisiúna an deimhnithe gluaiseachta EUR.1 luaite ar an deimhniú gluaiseachta EUR.1 i mBosca 11.

8. Eiseoidh na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus cuirfear ar fáil don onnmhaireoir é a luaithe a bheidh fíor-onnmhairiú déanta nó áirithithe.

*Airteagal 21*

***Deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach***

1. D'ainneoin Airteagal 20(8), féadfar deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint tar éis onnmhairiú na dtáirgí lena mbaineann sé más rud é:

(a) nár eisíodh é tráth an onnmhairithe de dheasca earráidí nó easnaimh neamhdheonacha nó dálaí eisceachtúla;

(b) go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim gur eisíodh deimhniú gluaiseachta EUR.1 ach nár glacadh é tráth an allmhairithe ar chúiseanna teicniúla;

(c) nárbh eol ceann scríbe na dtáirgí lena mbaineann tráth an onnmhairithe agus gur cinneadh é le linn a n-iompair nó a stórála, agus i ndiaidh coinsíneachtaí a roinnt, más rud é gur roinneadh iad, i gcomhréir le hAirteagal 14(3);

(d) gur eisíodh deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó EUR.MED i gcomhréir le rialacha Choinbhinsiún PEM maidir le táirgí ar táirgí tionscnaimh freisin iad de réir na Rialacha seo; Déanfaidh an t-onnmhaireoir gach beart is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le carnadh a chur i bhfeidhm agus beidh sé ullamh na doiciméid ábhartha uile lena gcruthaítear go bhfuil stádas tionscnaimh ag an táirge de réir na rialacha seo, a chur faoi bhráid na n-údarás custaim; nó

(e) eisíodh deimhniú gluaiseachta EUR.1 ar bhonn chur i bhfeidhm Airteagal 8(4) agus is gá Airteagal 8(3) a chur i bhfeidhm tráth an allmhairithe i bPáirtí Conarthach eile a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm.

2. Chun mír 1 den Airteagal seo a chur chun feidhme, luafaidh an t-onnmhaireoir ina iarratas áit agus dáta onnmhairiú na dtáirgí a mbaineann an deimhniú gluaiseachta EUR.1 leo agus na cúiseanna atá lena iarratas.

3. Ní fhéadfaidh na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint go cúlghabhálach ach tar éis dóibh a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis atá in iarratas an onnmhaireora ag teacht leis an bhfaisnéis sa chomhad a chomhfhreagraíonn don iarratas sin, agus féadfaidh siad é a eisiúint laistigh de dhá bhliain ó dháta an onnmhairithe.

4. D'ainneoin Airteagal 20(3), beidh an frása seo a leanas scríofa i mBéarla mar fhormhuiniú ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach: 'ISSUED RETROSPECTIVELY'.

5. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 4 isteach i mBosca 7 de chuid an deimhnithe gluaiseachta EUR.1.

*Airteagal 22*

***Dúblach de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint***

1. Má goideadh, má cailleadh nó má scriosadh deimhniú gluaiseachta EUR.1, féadfaidh an t-onnmhaireoir iarratas a chur isteach chuig na húdaráis chustaim a d'eisigh é ar dhúblach a tharraingeofar suas ar bhonn na ndoiciméad onnmhairiúcháin atá ina seilbh.

2. I dteannta an cheanglais faoi Airteagal 20(3), beidh an focal seo a leanas scríofa i mBéarla mar fhormhuiniú ar an dúblach a eiseofar i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo: 'DUPLICATE'.

3. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 2 isteach i mBosca 7 de chuid dhúblach an deimhnithe gluaiseachta EUR.1.

4. Beidh dáta eisiúna an bhundeimhnithe gluaiseachta EUR.1 scríofa ar an dúblach agus beidh feidhm aige ón dáta sin ar aghaidh.

*Airteagal 23*

***Bailíocht an chruthúnais tionscnaimh***

1. Beidh cruthúnas tionscnaimh bailí go ceann 10 mí tar éis an dáta a eisítear nó a tarraingítear suas é sa Pháirtí is onnmhaireoir agus déanfar é a chur faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir laistigh den tréimhse sin.

2. Cruthúnais tionscnaimh a chuirfear faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir tar éis na tréimhse bailíochta dá dtagraítear i mír 1, féadfar iad a ghlacadh chun fabhair tharaife a chur i bhfeidhm más de thoradh imthosca eisceachtúla nár cuireadh na doiciméid sin isteach faoin dáta deiridh a bhí socraithe.

3. I gcásanna eile ina dtíolactar na doiciméid sin go déanach, féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir glacadh le cruthúnais tionscnaimh i gcás inar taispeánadh na táirgí don lucht custaim roimh an dáta deiridh sin.

*Airteagal 24*

***Saorchriosanna***

1. I gcás táirgí atá á dtrádáil faoi chumhdach cruthúnais tionscnaimh agus atá ag dul, le linn a n-iompair, trí shaorchrios ina gcríoch, déanfaidh na Páirtithe gach beart is gá chun a áirithiú nach gcuirfear earraí eile ina n-ionad agus nach ndéanfar láimhseáil orthu seachas gnáthoibríochtaí atá ceaptha meathlú orthu a chosc.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina n-allmhaireofar táirgí de thionscnamh Páirtí a chuirfidh rialacha i bhfeidhm isteach i saorchrios faoi chumhdach cruthúnais tionscnaimh agus go ndéantar cóireáil nó próiseáil orthu, féadfar cruthúnas tionscnaimh nua a eisiúint nó a tharraingt suas má chomhlíonann an chóireáil nó an phróiseáil a rinneadh forálacha na Rialacha seo.

*Airteagal 25*

***Ceanglais allmhairiúcháin***

Cuirfear cruthúnas tionscnaimh faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme sa Pháirtí sin.

*Airteagal 26*

***Allmhairiú i dtráthchodanna***

I gcás ina ndéanfar, ar iarratas ón allmhaireoir agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos ag údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir, táirgí atá díchóimeáilte nó neamhchóimeáilte de réir bhrí Riail Ghinearálta 2(a) um léirmhíniú ar an gCóras Comhchuibhithe faoi chuimsiú Roinn XVI agus Roinn XVII nó cheannteideal 7308 agus cheannteideal 9406, i gcás ina ndéanfar táirgí den sórt sin a allmhairiú i dtráthchodanna, cuirfear aon chruthúnas tionscnaimh amháin faoi bhráid na n-údarás custaim tráth a allmhaireofar an chéad tráthchuid.

*Airteagal 27*

***Díolúine ó chruthúnas tionscnaimh***

1. Táirgí a sheolfar ina bpacáistí beaga ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha nó atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaí, ligfear isteach i gcáil táirgí tionscnaimh iad gan cruthúnas tionscnaimh a bheith curtha isteach, ar choinníoll nach bhfuil na táirgí sin á n-allmhairiú lena dtrádáil agus gur dearbhaíodh go gcomhlíonann siad ceanglais na Rialacha seo agus nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil an dearbhú sin fíor.

2. Ní mheasfar i leith allmhairí gur allmhairí lena dtrádáil iad má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

   (a) gur allmhairí ócáideacha iad;

(b) nach bhfuil sna hallmhairí ach táirgí le haghaidh úsáid phearsanta na bhfaighteoirí nó na dtaistealaithe nó a dteaghlaigh amháin;

(c) más léir ar chineál agus ar chainníocht na dtáirgí nach bhfuil aon chríoch thrádála beartaithe dóibh.

3. Ní ceadmhach luach iomlán na dtáirgí sin a bheith os cionn EUR 500 i gcás pacáistí beaga nó EUR 1 200 i gcás táirgí atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaí.

*Airteagal 28*

***Neamhréitigh agus earráidí foirmiúla***

1. I gcás ina dtiocfar ar neamhréireachtaí beaga idir na ráitis a rinneadh sa chruthúnas tionscnaimh agus na ráitis a rinneadh sna doiciméid a cuireadh faoi bhráid na hoifige custaim chun na foirmiúlachtaí a chomhlíonadh maidir leis na táirgí sin a allmhairiú, ní chuirfidh sin an cruthúnas tionscnaimh ar neamhní ar fad *ipso facto* má chruthaítear go hiomchuí go bhfreagraíonn an doiciméad sin do na táirgí a cuireadh isteach.

2. Earráidí ar léir gur earráidí foirmiúla iad amhail earráidí cló ar chruthúnas tionscnaimh, ní dhiúltófar do na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin dá ndeasca mura cúis amhrais iad maidir le cruinneas na ráiteas atá sna doiciméid sin.

*Airteagal 29*

***Dearbhuithe soláthraí***

1. Nuair a eisítear deimhniú gluaiseachta EUR.1 i bPáirtí nó nuair a tharraingítear suas dearbhú tionscnaimh le haghaidh táirgí tionscnaimh, ar úsáideadh lena monarú, i gcomhréir le hAirteagal 7(3) nó Airteagal 7(4), earraí de thionscnamh Páirtí Chonarthaigh eile a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, ar earraí iad ar a ndearnadh oibriú nó próiseáil sa Pháirtí Conarthach sin gan stádas tionscnaimh fabhrach a fháil, cuirfear san áireamh an dearbhú soláthraí a tugadh i leith na n-earraí sin i gcomhréir leis an Airteagal sin.

2. Beidh an dearbhú soláthraí dá dtagraítear i mír 1 ina fhianaise ar an oibriú nó ar an bpróiseáil a rinneadh ar na hearraí lena mbaineann i bPáirtí Conarthach a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, chun a chinneadh an bhféadfar na táirgí, ar úsáideadh na hearraí sin lena monarú, a mheas mar tháirgí tionscnaimh sa Pháirtí is onnmhaireoir agus an bhféadfar na ceanglais eile atá sna Rialacha seo a chomhlíonadh.

3. Ach amháin sna cásanna dá dtagraítear i mír 4, tarraingeoidh an soláthraí suas dearbhú soláthraí ar leithligh le haghaidh gach coinsíneachta earraí, san fhoirm a leagtar síos in Iarscríbhinn VI, ar leathanach páipéir i gceangal leis an sonrasc, leis an nóta seachadta nó le haon doiciméad tráchtála eile ina mbeidh tuairisc ar na hearraí lena mbaineann, tuairisc a bheidh mionsonraithe go leor chun iad a shainaithint.

4. Maidir le hearraí lena bhfuiltear ag súil go leanfaidh de bheith seasta ar feadh tréimhse an oibriú nó an phróiseáil a dhéantar orthu i bPáirtí Conarthach a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, i gcás ina gcuireann soláthraí na hearraí sin ar fáil do chustaiméir go tráthrialta féadfaidh sé dearbhú soláthraí amháin a sholáthar lena gcumhdófar coinsíneachtaí earraí ina dhiaidh sin (an 'dearbhú soláthraí fadtéarmach'). Is gnách go bhféadfaidh an dearbhú soláthraí fadtéarmach a bheith bailí ar feadh tréimhse suas le dhá bhliain ón dáta a tharraingeofar suas an dearbhú. An Páirtí Conarthach a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, arb é an áit a dtarraingítear suas an dearbhú é, is iad údaráis chustaim an Pháirtí sin a leagann síos na coinníollacha faoina bhféadfar tréimhsí níos faide a úsáid. Tarraingeoidh an soláthraí suas an dearbhú soláthraí fadtéarmach san fhoirm a leagtar síos in Iarscríbhinn VII agus beidh tuairisc ann ar na hearraí lena mbaineann, tuairisc a bheidh mionsonraithe go leor chun iad a shainaithint. Cuirfear é ar fáil don chustaiméir lena mbaineann sula dtabharfar an chéad choinsíneacht earraí dó a chumhdaítear leis an dearbhú sin nó i dteannta a chéad choinsíneachta. Cuirfidh an soláthraí an custaiméir ar an eolas láithreach bonn mura bhfuil feidhm a thuilleadh leis an dearbhú soláthraí fadtéarmach maidir leis na hearraí arna soláthar.

5. Déanfar na dearbhuithe soláthraí fadtéarmach dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo a chlóscríobh nó a phriontáil i gceann de theangacha an Chomhaontaithe, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Pháirtí Chonarthaigh a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, arb é an áit a dtarraingítear suas an dearbhú é, agus beidh bunsíniú an tsoláthraí lámhscríofa orthu. Féadfaidh an dearbhú a bheith scríofa de láimh freisin; sa chás sin, is le dúch agus le carachtair phriontáilte a dhéanfar sin.

6. Beidh an soláthraí a tharraingíonn suas an dearbhú réidh aon tráth, ar iarratas ó údaráis chustaim an Pháirtí Chonarthaigh a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, arb é an áit a dtarraingítear suas an dearbhú é, na doiciméid iomchuí uile a chur ar fáil lena gcruthaítear go bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú ceart.

*Airteagal 30*

***Suimeanna arna sloinneadh in euro***

1. Chun críocha phointe (b) d'Airteagal 18(1) agus Airteagal 27(3) a chur i bhfeidhm i gcás ina sonrasctar na táirgí sin in airgeadra seachas euro, déanfaidh gach tír lena mbaineann, suimeanna coibhéiseacha leis na suimeanna arna sloinneadh in euro a shocrú go bliantúil in airgeadraí náisiúnta na bPáirtithe.

2. Beidh pointe (b) Airteagal 18(1) nó Airteagal 27(3) ina sochar ag coinsíneacht trí thagairt don airgeadra ina dtarraingeofar suas an sonrasc, de réir na suime a shocraigh an tír lena mbaineann.

3. Beidh na suimeanna atá le húsáid in aon airgeadra náisiúnta áirithe coibhéiseach san airgeadra sin leis na suimeanna arna sloinneadh in euro an chéad lá oibre de mhí Dheireadh Fómhair. Cuirfear na suimeanna in iúl don Choimisiún Eorpach faoin 15 Deireadh Fómhair agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir na bliana ina dhiaidh sin. Is é an Coimisiún Eorpach a fhógróidh na suimeanna ábhartha sin do na tíortha uile lena mbainfidh.

4. An tsuim a thagann mar thoradh ar chomhshó na suime arna sloinneadh in euro isteach ina hairgeadra náisiúnta, féadfaidh Páirtí an tsuim sin a shlánú suas nó síos. Ní ceadmhach difear níos mó ná 5 % a bheith idir an tsuim arna comhshó agus an tsuim arna slánú. Féadfaidh Páirtí an choibhéis ina airgeadra náisiúnta féin den tsuim atá sloinnte in euro a choinneáil má thagann méadú níos lú ná 15 % ar an gcoibhéis ina hairgeadra náisiúnta féin as comhshó na suime sin, sula ndéanfar aon slánú uirthi tráth an choigeartaithe bhliantúil dá bhforáiltear i mír 3. Féadfar gan an choibhéis in airgeadra náisiúnta na tíre a athrú más rud é go dtiocfadh laghdú ar an luach coibhéiseach sin de thoradh a comhshóite.

5. Déanfaidh an Chomhairle Comhlachais na suimeanna arna sloinneadh in euro a athbhreithniú ar iarratas ó Pháirtí. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh aici, cuirfidh an Chomhairle Comhlachais san áireamh a inmhianaithe atá sé éifeachtaí na dteorainneacha i gceist a choimeád i dtéarmaí réadacha. Chun na críche sin, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh na suimeanna atá sloinnte in euro a mhodhnú.

# TEIDEAL VI
# PRIONSABAIL AN CHOMHAIR
# AGUS NA FIANAISE DOICIMÉADAÍ

*Airteagal 31*

***Fianaise dhoiciméadach, cruthúnas tionscnaimh agus doiciméid tacaíochta a chaomhnú***

1. Onnmhaireoir ag a bhfuil dearbhú tionscnaimh tarraingthe suas nó ag a bhfuil iarratas curtha isteach ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1, coimeádfaidh sé cóip chrua nó leagan leictreonach de na cruthúnais tionscnaimh sin agus de gach doiciméad lena dtacaítear le stádas tionscnaimh an táirge, go ceann 3 bliana ar a laghad ón dáta a eisíodh an dearbhú tionscnaimh nó a tarraingíodh suas é.

2. Coimeádfaidh an soláthraí a tharraingíonn suas dearbhú soláthraí ar feadh trí bliana ar a laghad cóipeanna den dearbhú agus de gach sonrasc, nóta seachadta nó doiciméad tráchtála eile dá gceanglaítear an dearbhú sin mar iarscríbhinn, chomh maith leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 29(6).

   An soláthraí a tharraingíonn suas dearbhú soláthraí fadtéarmach, coimeádfaidh sé ar feadh trí bliana ar a laghad cóipeanna den dearbhú agus de gach sonrasc, nóta seachadta nó doiciméad tráchtála eile a bhaineann le hearraí a chumhdaítear leis an dearbhú sin agus a seoladh chuig an gcustaiméir lena mbaineann, chomh maith leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 29(6). Tosóidh an tréimhse sin ó dháta éaga bhailíocht an dearbhaithe soláthraí fhadtéarmaigh.

3. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, is iad seo a leanas, *inter alia*, na doiciméid lena dtacaítear le stádas tionscnaimh an táirge:

(a) fianaise dhíreach ar na próisis a rinne an t-onnmhaireoir nó an soláthraí chun an táirge a fháil, ar fianaise í, mar shampla, atá ina chuid cuntas nó ina leabharchoimeád inmheánach;

(b) doiciméid lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáideadh, ar doiciméid iad arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, sa Pháirtí Conarthach ábhartha a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm;

(c) doiciméid lena gcruthaítear oibriú nó próiseáil na n-ábhar sa Pháirtí ábhartha, arna dtarraingt suas nó arna n-eisiúint sa Pháirtí sin i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta;

(d) dearbhuithe tionscnaimh nó deimhnithe gluaiseachta EUR.1 lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáideadh, arna dtarraingt suas nó arna n-eisiúint sna Páirtithe i gcomhréir leis na Rialacha seo;

(e) fianaise iomchuí a bhaineann le hoibriú nó próiseáil a rinneadh lasmuigh de na Páirtithe trí Airteagail 13 agus 14 a chur i bhfeidhm, lena gcruthaítear comhlíonadh cheanglais na nAirteagal sin.

4. Údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir a eiseoidh na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 coimeádfaidh siad an fhoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 20(2) ar feadh trí bliana ar a laghad.

5. Déanfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir na dearbhuithe tionscnaimh agus na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a chuirtear faoina mbráid a choimeád ar feadh trí bliana ar a laghad.

6. I dtaca le dearbhuithe soláthraí lena gcruthaítear go ndearnadh oibriú nó próiseáil ar na hábhair a úsáideadh, i bPáirtí Conarthach a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, ar dearbhuithe iad a tarraingíodh suas sa Pháirtí Conarthach sin a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, déileálfar leo mar dhoiciméad dá dtagraítear in Airteagal 18(3), Airteagal 20(4) agus Airteagal 29(6) a úsáidtear chun a chruthú gur féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh an Pháirtí Chonarthaigh sin a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm iad na táirgí arna gcumhdach le deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó le dearbhú tionscnaimh agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.

*Airteagal 32*

***Díospóidí a réiteach***

I gcásanna ina n-éireoidh díospóidí i ndáil leis na nósanna imeachta fíorúcháin faoi Airteagail 34 agus 35, nó i ndáil le léirmhíniú na Foscríbhinne seo, ar díospóidí iad nach féidir a réiteach idir na húdaráis chustaim a d’iarr fíorú agus na húdaráis chustaim a bhí freagrach as an bhfíorú sin a chur i gcrích, cuirfear na díospóidí sin faoi bhráid na Comhairle Comhlachais.

I ngach cás, i dtaca le díospóidí idir an t-allmhaireoir agus údaráis chustaim na tíre allmhairiúcháin a réiteach, is i gcomhréir le reachtaíocht na tíre sin a réiteofar na díospóidí sin.

# TEIDEAL VII
# COMHAR RIARACHÁIN

*Airteagal 33*

***Fógra agus comhar***

1. Cuirfidh údaráis chustaim na bPáirtithe ar fáil dá chéile clónna samplacha de stampaí a úsáidtear ina n-oifigí custaim le haghaidh eisiúint deimhnithe gluaiseachta EUR.1, chomh maith le samhlacha na n-uimhreacha údaraithe a deonaítear d'onnmhaireoirí formheasta agus seoltaí na n-údarás custaim ar a bhfuil an fhreagracht maidir le fíorú na ndeimhnithe agus na ndearbhuithe tionscnaimh sin.

2. Chun a áirithiú go gcuirfear na Rialacha seo i bhfeidhm go hiomchuí, tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile, trí na húdaráis chustaim inniúla, maidir le barántúlacht na ndeimhnithe gluaiseachta EUR.1, na ndearbhuithe tionscnaimh, na dearbhuithe soláthraí agus chruinneas na faisnéise atá sna doiciméid sin a sheiceáil.

*Airteagal 34*

***Cruthúnais tionscnaimh a fhíorú***

1. Déanfar fíoruithe iardain ar chruthúnais ar thionscnamh go randamach nó i gcásanna ina bhfuil amhras réasúnta ar údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir faoi bharántúlacht na ndoiciméad sin, stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann nó comhlíonadh na gceanglas eile atá sna Rialacha seo.

2. Nuair a iarrann siad fíorú iardain, cuirfidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir ar ais an deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus an sonrasc, má cuireadh isteach é, agus an dearbhú tionscnaimh, nó cóipeanna de na doiciméid sin chuig údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir agus tabharfaidh siad, más iomchuí, na cúiseanna atá le fíorú a iarraidh. Aon doiciméid agus aon fhaisnéis a fuarthas ina dtabharfar le fios go bhfuil an fhaisnéis a tugadh sa chruthúnas tionscnaimh míchruinn, seolfar ar aghaidh iad chun tacú leis an iarraidh ar fhíorú.

3. Is iad údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó tabhairt faoi aon sheiceáil eile a mheasfar a bheith iomchuí.

4. Má chinneann údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir an chóir fhabhrach le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go dtiocfaidh torthaí an fhíoraithe sin isteach, tairgfear scaoileadh na dtáirgí don allmhaireoir faoi réir aon bheart réamhchúraim a mheasfar a bheith riachtanach.

5. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú sin a luaithe is féidir. Léireoidh na torthaí sin go soiléir cé acu a bhfuil na doiciméid barántúil nó nach bhfuil agus an féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh ceann de na Páirtithe iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá sna Rialacha seo.

6. Más rud é, i gcás ina bhfuil amhras réasúnta ann, nach bhfuarthas aon fhreagra faoi cheann 10 mí ó dháta na hiarrata ar fhíorú, nó mura leor an fhaisnéis chun barántúlacht an doiciméid i gceist nó fíorthionscnamh na dtáirgí a chinneadh, déanfaidh na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, teidlíocht ar an gcóir fhabhrach a dhiúltú.

*Airteagal 35*

***Na dearbhuithe soláthraí a fhíorú***

1. Féadfar fíoruithe iardain a dhéanamh ar dhearbhuithe soláthraí nó ar dhearbhuithe soláthraí fadtéarmach go randamach nó nuair atá amhras réasúnta ar údaráis chustaim Páirtí, áit ar cuireadh na dearbhuithe sin san áireamh chun deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas, ar amhras é faoi bharántúlacht an doiciméid nó faoi chruinneas na faisnéise atá sa doiciméad sin.

2. Chun críocha fhorálacha mhír 1 den Airteagal seo a chur chun feidhme, déanfaidh údaráis chustaim an Pháirtí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an dearbhú soláthraí nó an dearbhú soláthraí fadtéarmach agus na sonraisc, na nótaí seachadta nó aon doiciméad tráchtála eile lena mbaineann earraí arna gcumhdach ag an dearbhú sin, a sheoladh ar ais chuig údaráis chustaim an Pháirtí Chonarthaigh a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm inar tarraingíodh suas an dearbhú agus tabharfaidh siad, de réir mar is iomchuí, na cúiseanna atá le substaint nó le foirm na hiarrata ar fhíorú.

Seolfaidh siad ar aghaidh, mar thaca leis an iarraidh ar fhíorú dá éis sin, aon doiciméid nó aon fhaisnéis a fuarthas a thugann le tuiscint gur faisnéis mhícheart an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú soláthraí nó sa dearbhú soláthraí fadtéarmach.

3. Údaráis chustaim an Pháirtí Chonarthaigh a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, arb é an áit a tarraingíodh suas an dearbhú soláthraí nó an dearbhú soláthraí fadtéarmach é, is iad na húdaráis sin a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an tsoláthraí nó tabhairt faoi aon seiceáil eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí.

4. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim a d’iarr an fíorú sin a luaithe is féidir. Tabharfaidh na torthaí sin le fios go soiléir cé acu an bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú soláthraí nó sa dearbhú soláthraí fadtéarmach cruinn agus cuirfidh sé ar chumas na n-údarás custaim a chinneadh an bhféadfar, agus a mhéid a fhéadfar, an dearbhú sin a chur san áireamh chun deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas.

*Airteagal 36*

***Pionóis***

Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le pionóis choiriúla, shibhialta nó riaracháin a fhorchur i leith sáruithe ar a reachtaíocht náisiúnta lena mbaineann na Rialacha seo.

# TEIDEAL VIII

# FOSCRÍBHINN A A CHUR I bhFEIDHM

*Airteagal 37*

***An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch***

Déanfar earraí de thionscnamh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE), de réir bhrí Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a mheas mar earraí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh, na hÍoslainne, Lichtinstéin nó na hIorua ('Páirtithe LEE') nuair a onnmhaireofar iad ón Aontas Eorpach, ón Íoslainn, ó Lichtinstéin nó ón Iorua faoi seach chuig an Éigipt, ar choinníoll go mbeidh feidhm le comhaontuithe saorthrádála ina n-úsáidtear na Rialacha seo, idir an Éigipt agus Páirtithe LEE.

*Airteagal 38*

***Lichtinstéin***

Gan dochar d'Airteagal 2, déanfar aon táirge de thionscnamh Lichtinstéin, de thoradh an aontais custaim idir an Eilvéis agus Lichtinstéin, a mheas mar tháirge de thionscnamh na hEilvéise.

*Airteagal 39*

***Poblacht San Mairíne***

Gan dochar d'Airteagal 2, déanfar aon táirge de thionscnamh Phoblacht San Mairíne, mar gheall ar an aontas custaim idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne, a mheas mar tháirge de thionscnamh an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 40*

***Prionsacht Andóra***

Gan dochar d'Airteagal 2, déanfar aon táirge de thionscnamh Phrionsacht Andóra a aicmítear faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe, mar gheall ar an aontas custaim idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra, a mheas mar tháirge de thionscnamh an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 41*

***Ceuta agus Melilla***

1. Chun críoch na Rialacha seo a chur chun feidhme, ní bheidh Ceuta agus Melilla cumhdaithe ag an téarma 'an tAontas Eorpach'.

2. Maidir le táirgí de thionscnamh na hÉigipte, nuair a allmhairítear isteach in Ceuta nó Melilla iad, tairbheoidh siad, ar gach slí, den chóras custaim a chuirtear i bhfeidhm i gcás táirgí de thionscnamh chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh de réir Phrótacal 2 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile agus oiriúnuithe na gConarthaí[6]. Maidir le hallmhairí táirgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú ábhartha agus ar de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad, deonóidh an Éigipt dóibh an córas custaim céanna a dheonaítear i gcás táirgí a allmhairítear ón Aontas Eorpach agus ar de thionscnamh an Aontais Eorpaigh iad.

3. Chun críocha mhír 2 den Airteagal seo a bhaineann le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla, beidh feidhm ag na Rialacha seo *mutatis mutandis* faoi réir na gcoinníollacha speisialta a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

---

6 IO CE L 302, 15.11.1985, lch. 23.

# IARSCRÍBHINN I

## RÉAMHNÓTAÍ A GHABHANN LEIS AN LIOSTA IN IARSCRÍBHINN II

**Nóta 1 – Réamhrá ginearálta**

Leagtar amach sa liosta seo na coinníollacha is gá a chomhlíonadh maidir le gach táirge chun a mheas go bhfuil siad leoroibrithe nó leorphróiseáilte de réir bhrí Airteagal 4 de Theideal II den Fhoscríbhinn seo. Tá ceithre chineál éagsúla rialach ann, agus athraíonn siad de réir an táirge:

(a) trí oibriú nó trí phróiseáil, ní théitear thar uasmhéid d'ábhair neamhthionscnaimh;

(b) trí oibriú nó trí phróiseáil, éiríonn ceannteideal 4 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe nó fo-cheannteideal 6 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe don táirge monaraithe éagsúil le ceannteideal 4 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe nó le fo-cheannteideal 6 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe faoi seach do na hábhair arna n-úsáid;

(c) déantar oibríocht shonrach oibrithe nó próiseála;

(d) déantar oibriú nó próiseáil ar ábhair áirithe a fuarthas go hiomlán.

**Nóta 2 – Struchtúr an liosta**

2.1. Sa chéad dá cholún den liosta tugtar tuairisc ar an táirge a fuarthas. Tugtar sa cholún (1) uimhir an cheannteidil nó uimhir na caibidle a úsáidtear sa Chóras Comhchuibhithe, agus tugtar sa cholún (2) tuairisc ar na hearraí a úsáidtear sa chóras sin faoin gceannteideal nó faoin gcaibidil sin. I gcás gach iontrála sa chéad dá cholún sonraítear riail i gcolún (3). I gcásanna áirithe ina dtagann 'ex' roimh an iontráil sa cholún (1), ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag na rialacha i gcolún (3) ach amháin maidir leis an gcuid den cheannteideal ar a dtugtar tuairisc i gcolún (2).

2.2. I gcás ina gcuirtear roinnt uimhreacha ceannteidil le chéile i ngrúpaí i gcolún (1) nó ina dtugtar uimhir chaibidle agus an tuairisc ar na táirgí i gcolún (2) i dtéarmaí ginearálta dá bharr, tá feidhm ag na rialacha atá in aice leo i gcolún (3) maidir le gach táirge, faoin gCóras Comhchuibhithe, a aicmítear i gceannteidil na caibidle nó in aon cheann de na ceannteidil atá le chéile i ngrúpaí i gcolún (1).

2.3. I gcás ina bhfuil rialacha éagsúla sa liosta a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí éagsúla laistigh de cheannteideal, i ngach fleasc tá tuairisc ar an gcuid den cheannteideal atá faoi chumhdach na rialacha atá in aice leo i gcolún (3).

2.4. I gcás ina leagtar amach dhá riail mhalartacha i gcolún (3), agus 'nó' eatarthu, is faoi rogha an onnmhaireora é cén ceann a úsáidfear.

**Nóta 3 – Samplaí den chaoi leis na rialacha a chur i bhfeidhm**

3.1. Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Theideal II den Fhoscríbhinn seo, maidir le táirgí a bhfuil stádas tionscnaimh faighte acu agus a úsáidtear le linn monarú táirgí eile, is cuma ar baineadh an stádas sin amach laistigh den mhonarcha ina n-úsáidtear na táirgí sin nó i monarcha eile i bPáirtí.

3.2. De bhun Airteagal 6 de Theideal II den Fhoscríbhinn seo, ní mór don oibriú nó don phróiseáil a dhéantar dul níos faide ná an liosta oibríochtaí a luaitear san Airteagal sin. Mura dtéann, ní bheidh na hearraí incháilithe le haghaidh dheonú shochar na cóireála fabhraí taraife, fiú má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa liosta thíos.

Faoi réir Airteagal 6 de Theideal II den Fhoscríbhinn seo, is éard atá sna rialacha atá sa liosta an t-íosmhéid oibrithe nó próiseála is gá agus má dhéantar tuilleadh oibrithe nó próiseála tugtar stádas tionscnaimh freisin; os a choinne sin, ní thugtar stádas tionscnaimh má dhéantar níos lú oibrithe nó próiseála.

Dá bhrí sin, má fhoráiltear le riail go bhféadfar ábhar neamhthionscnaimh de leibhéal áirithe monaraithe a úsáid, ceadaítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos luaithe sa mhonarú, agus ní cheadaítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos déanaí.

Má fhoráiltear le riail nach bhféadfar ábhar neamhthionscnaimh de leibhéal áirithe monaraithe a úsáid, ceadaítear ábhair a úsáid atá ag céim níos luaithe sa mhonarú agus ní cheadaítear ábhair a úsáid atá ag céim níos déanaí.

Sampla: i gcás ina gceanglaítear le riail an liosta do Chaibidil 19 'nach féidir le hábhair neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 1101 go 1108 dul thar 20 % de réir meáchain', níl aon teorainn le húsáid (i.e. allmhairiú) gráinní atá faoi Chaibidil 10 (ábhair atá ag céim níos luaithe sa mhonarú).

3.3. Gan dochar do Nóta 3.2, i gcás ina n-úsáideann riail an nath 'Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal', is féidir ábhair atá faoi aon cheannteideal nó aon cheannteidil a úsáid (fiú ábhair arb ionann tuairisc agus ceannteideal dóibh féin agus don táirge), faoi réir aon teorainneacha sonracha atá sa riail freisin, áfach.

Mar sin féin, ciallaíonn an nath 'Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal …' nó 'Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge' go bhféadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal a úsáid, diomaite de na hábhair sin arb ionann tuairisc dóibh agus don táirge mar a thugtar i gcolún (2) sa liosta.

3.4. Nuair a shonraítear le riail sa liosta go bhféadfar táirge a mhonarú as níos mó ná aon ábhar amháin, ciallaíonn sé sin go bhféadfar ábhar amháin nó níos mó a úsáid. Ní gá na hábhair go léir a úsáid de réir na rialach sin.

3.5. Nuair a shonraítear faoi riail sa liosta nach mór táirge a mhonarú as ábhar ar leith, ní chuireann an coinníoll sin cosc ar ábhair eile a úsáid, ábhair nach féidir leo, mar gheall ar a gcineál féin, an coinníoll a chomhlíonadh.

3.6. I gcás riail sa liosta, ina dtugtar dhá chéatadán le haghaidh uasluach na n-ábhar

neamhthionscnaimh is féidir a úsáid, ní fhéadfar na céatadáin sin a chur le chéile. Is é sin le rá, ní fhéadfaidh uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh go léir a úsáidtear a bheith níos mó ná an céatadán is airde a thugtar. Anuas air sin, ní shárófar na céatadáin aonair i dtaca leis na hábhair ar leith a bhfuil feidhm acu maidir leo.

**Nóta 4 – Forálacha ginearálta maidir le hearraí talmhaíochta áirithe**

4.1. Earraí talmhaíochta atá faoi Chaibidlí 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus faoi cheannteideal 2401, agus a fhástar nó a bhuaintear i gcríoch Pháirtí, is mar earraí de thionscnamh chríoch an Pháirtí sin a chaithfear leo, fiú má fhástar iad ó shíolta, bleibeanna, fréamhstoc, gearrthóga, beanguithe, péacáin, bachlóga nó codanna beo eile de phlandaí, a allmhairíodh.

4.2. I gcásanna ina bhfuil teorainneacha leis an méid siúcra neamhthionscnaimh i dtáirge áirithe, meáchan na siúcraí atá faoi cheannteidil 1701 (siúcrós) agus 1702 (e.g. fruchtós, glúcós, lachtós, maltós, iseaglúcós nó siúcra inbhéartaithe) a úsáidtear i monarú an táirge deiridh agus a úsáidtear i monarú na dtáirgí neamhthionscnaimh a ionchorpraítear sa táirge deiridh, déantar é a chur san áireamh agus na teorainneacha sin á ríomh.

**Nóta 5 – Téarmaíocht a úsáidtear i leith táirgí teicstíle áirithe**

5.1. Úsáidtear an téarma 'snáithíní nádúrtha' sa liosta chun tagairt do na snáithíní nach snáithíní saorga ná sintéiseacha iad. Tá sé teoranta do na céimeanna sin a bhíonn ann sula ndéantar an sníomh, lena n-áirítear dramhaíl, agus, mura sonraítear a mhalairt, áirítear leis snáithíní atá cardáilte, cíortha nó próiseáilte ar bhealach eile ach nach bhfuil sníofa.

5.2. Áirítear leis an téarma 'snáithíní nádúrtha' rón atá faoi cheannteideal 0511, síoda atá faoi cheannteidil 5002 agus 5003 chomh maith le snáithíní olla agus fionnadh ainmhíoch mín nó garbh atá faoi cheannteidil 5101 go ceannteideal 5105, snáithíní cadáis atá faoi cheannteidil 5201 go 5203 agus snáithíní plandúla eile atá faoi cheannteidil 5301 go 5305.

5.3. Úsáidtear na téarmaí 'laíon teicstíle', 'ábhair cheimiceacha' agus 'ábhair déanta páipéir' sa liosta chun tuairisc a thabhairt ar na hábhair nach n-aicmítear i gCaibidlí 50 go 63, ábhair is féidir a úsáid chun snáithíní nó snáth saorga, sintéiseach nó páipéir a mhonarú.

5.4. Úsáidtear an téarma 'snáithíní stáplacha de dhéantús an duine' sa liosta chun tagairt do bharrach filiméadach, snáithíní stáplacha nó dramhaíl atá sintéiseach nó saorga, atá faoi cheannteidil 5501 go 5507.

5.5. Sainmhínítear an phriontáil (nuair a dhéantar í in éineacht le Fíodóireacht, Cniotáil/Cróiseáil, Caitíniú nó Flocasú) mar theicníc lena ndéantar feidhm a mheastar go hoibiachtúil amhail dath, dearadh, feidhmíocht theicniúil, a thabhairt d'fhoshraith teicstíle nach dtagann athrú cló uirthi, ag úsáid teicnící scagphriontála, rollóra, digiteacha nó aistrithe.

5.6. Sainmhínítear an phriontáil (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) mar theicníc lena

ndéantar feidhm a mheastar go hoibiachtúil amhail dath, dearadh, feidhmíocht theicniúil, a thabhairt do shubstráit teicstíle ar dhóigh bhuan, ag úsáid teicnící scagphriontála, rollóra, digiteacha nó aistrithe in éineacht le dhá oibríocht ullmhúcháin/bhailchríche ar a laghad (amhail sciúradh, tuaradh, meirsiriú, socrú teasa, ardú, féiliriú, próiseáil friotaíochta craptha, bailchríochnú buan, bailchríoch a chríochnú, tuile, deisiú agus díshnaidhmiú), ar choinníoll nach mó luach n-ábhar uile a úsáidtear ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.

**Nóta 6 – Lamháltais is infheidhme maidir le táirgí a dhéantar as meascán d'ábhair theicstíle**

6.1. I gcás ina ndéantar tagairt don Nóta seo, le haghaidh táirge áirithe sa liosta, ní chuirfear na coinníollacha a leagtar amach i gcolún (3) i bhfeidhm maidir le haon ábhar teicstíle bunúsach a úsáidtear le linn mhonarú an táirge sin agus arb ionann iad, nuair a chuirtear le chéile iad, agus 15 % nó níos lú de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle bunúsach go léir a úsáidtear (féach Nóta 6.3 agus Nóta 6.4 freisin).

6.2. Mar sin féin, ní féidir an lamháltas a luaitear i Nóta 6.1 a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le táirgí measctha a rinneadh as dhá cheann nó níos mó d'ábhair theicstíle bhunúsacha.

Is iad seo a leanas na hábhair teicstíle bhunúsacha:

- síoda;
- olann;
- fionnadh ainmhíoch garbh;

- fionnadh ainmhíoch mín;
- rón;
- cadás;
- ábhair déanta páipéir agus páipéar;
- líon;
- fíorchnáib;
- siúit agus snáithíní eile cáiteoige teicstíle;
- siseal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas *Agave*;
- cnó cócó, abacá, ráimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile;
- snáithíní filiméid sintéiseacha polapróipiléine de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha poileistir de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha polaicrilinítríle de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha poilimíde de dhéantús an duine;

- snáithíní filiméid sintéiseacha polaiteitreafluaireitiléine de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha pola(suilfíd fheiniléine) de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha pola(clóiríd vinile) de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid sintéiseacha eile de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid saorga vioscóis de dhéantús an duine;
- snáithíní filiméid saorga eile de dhéantús an duine;
- filiméid seolta srutha;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polapróipiléine de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaicrilinítríle de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha poilimíde de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaiteitreafluaireitiléine de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha pola(suilfíd fheiniléine) de dhéantús an duine;

- snáithíní stáplacha sintéiseacha pola(clóiríd vinile) de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha eile de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha saorga vioscóis de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha saorga eile de dhéantús an duine;
- snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídís galúnaithe nó ná bíodh;
- táirgí atá faoi cheannteideal 5605 (snáth miotalaithe) ina n-ionchorpraítear stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sí brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, a bhfuil leithead nach mó ná 5 mm inti, atá cisealaithe trí bhíthin greamachán trédhearcach nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach;
- táirgí eile atá faoi cheannteideal 5605;
- snáithíní gloine;
- snáithíní miotail;
- snáithíní mianracha.

6.3. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear 'snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídís galúnaithe nó ná bídís', is ionann an lamháltas sin agus 20 % i ndáil leis an snáth sin.

6.4. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear 'stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach bhfuil níos mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamacháin thrédhearcaigh nó dhaite idir dhá shraith de scannán plaisteach', is ionann an lamháltas sin agus 30 % i ndáil leis an stiall sin.

**Nóta 7 – Lamháltais eile is infheidhme maidir le táirgí teicstíle áirithe**

7.1. I gcás ina ndéantar tagairt, sa liosta, don Nóta seo, féadfar ábhair theicstíle (seachas líneálacha agus idirlíneálacha) nach gcomhlíonann an riail a leagtar amach sa liosta i gcolún (3) le haghaidh an táirge rédhéanta lena mbaineann, féadfar iad a úsáid ar choinníoll go bhfuil siad aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge féin agus nach mó a luach ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.

7.2. Gan dochar do Nóta 7.3, féadfar ábhair nach bhfuil aicmithe faoi Chaibidlí 50 go 63 a úsáid gan bhac i monarú táirgí teicstíle, bíodh teicstílí iontu nó ná bíodh.

7.3. I gcás ina bhfuil feidhm ag riail chéatadánach, ní mór luach na n-ábhar neamhthionscnaimh nach bhfuil aicmithe faoi Chaibidlí 50 go 63 a chur san áireamh agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh atá ionchorpraithe á ríomh.

**Nóta 8 – Próisis shonracha agus oibríochtaí simplí a dhéantar i leith táirgí áirithe atá faoi Chaibidil 27 a shainiú**

8.1. Chun críocha cheannteidil ex 2707 agus ex 2713, is iad seo a leanas na 'próisis shonracha':

(a) driogadh folúis;

(b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin atá an-chuimsitheach;

(c) craiceáil;

(d) athfhoirmiú;

(e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;

(f) an próiseas a chuimsíonn na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidríd shulfarach atá tiubhaithe; neodrú le hoibreáin alcaileacha; tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;

(g) polaiméiriú;

(h) ailciliú;

(i) isiméiriú.

8.2. Chun críocha cheannteidil 2710, 2711 agus 2712, is iad seo a leanas na 'próisis shonracha':

(a) driogadh folúis;

(b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin atá an-chuimsitheach;

(c) craiceáil;

(d) athfhoirmiú;

(e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;

(f) an próiseas a chuimsíonn na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidríd shulfarach atá tiubhaithe; neodrú le hoibreáin alcaileacha; tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;

(g) polaiméiriú;

(h) ailciliú;

(i) isiméiriú;

(j) maidir le holaí troma atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, díshulfarú le hidrigin arb é an toradh atá air laghdú 85 % ar a laghad ar chion sulfair na dtáirgí a próiseáladh (modh ASTM D 1266-59 T);

(k) i dtaca le táirgí atá faoi cheannteideal 2710 amháin, díphairifíniú trí bhíthin próiseas nach scagadh é;

(l) maidir le holaí troma atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, cóireáil le hidrigin faoi bhrú is mó ná 20 bar agus ag teocht is airde ná 250 °C agus catalaíoch in úsáid, seachas chun difear a dhéanamh don díshulfarú, nuair is eilimint ghníomhach an hidrigin in imoibriú ceimiceach. Cóireáil bhreise le hidrigin ar olaí bealaithe atá faoi cheannteideal ex 2710 (e.g. hidrea-bhailchríochnú nó tuaradh), go háirithe chun dath nó seasmhacht a fheabhsú, ní mheasfar gur próiseas sonrach an chóireáil sin;

(m) maidir le holaí breosla atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, driogadh atmaisféarach, ar choinníoll go ndriogann níos lú ná 30 % de na táirgí sin, de réir toirte, lena n-áirítear caillteanais, ag 300 °C de réir mhodh ASTM D 86;

(n) maidir le holaí troma seachas olaí gáis agus olaí breosla atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, cóireáil trí bhíthin scuab-dhíluchtú leictreach ardmhinicíochta;

(o) maidir le hamhtháirgí (seachas glóthach pheitriliam, ózaiceirít, céir ligníte nó céir mhóna, céir phairifín ina bhfuil, de réir meáchain, cion is lú ná 0,75 % ola) atá faoi cheannteideal ex 2712 agus faoin gceannteideal sin amháin, dí-olú trí chriostalú codánach.

8.3. Chun críocha cheannteidil ex 2707 agus 2713, oibríochtaí simplí amhail glanadh, scinceáil, díshailleadh, deighilt uisce, scagadh, dathú, marcáil, cion sulfair a bhaint amach trí tháirgí nach ionann a gcion sulfair a mheascadh; ní thugtar stádas tionscnaimh de bharr na n-oibríochtaí sin ná de bharr aon teaglaim díobh nó d'oibríochtaí comhchosúla.

**Nóta 9 – Próisis shonracha agus oibríochtaí a dhéantar i leith táirgí áirithe a shainiú**

9.1. Táirgí atá faoi Chaibidil 30 agus a fhaightear i bPáirtí trí shaothráin ceall a úsáid, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí sin iad. Sainmhínítear 'saothrán ceall' mar shaothrú ceall duine, ainmhí nó planda faoi dhálaí rialaithe (amhail teochtaí sainithe, meán fáis, meascán gás, pH) lasmuigh den orgánach beo.

9.2. Táirgí a thagann faoi Chaibidlí 29 (seachas: 2905.43-2905.44), 30, 32, 33 (seachas: 3302.10, 3301) 34, 35 (seachas: 35.01, 3502.11-3502.19, 3502.20, 35.05), 36, 37, 38 (seachas: 3809.10, 38.23, 3824.60, 38.26) agus 39 (seachas: 39.16-39.26) agus a fhaightear i bPáirtí trí choipeadh, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí sin iad. Is éard is 'coipeadh' ann próiseas bith-theicneolaíoch ina n-úsáidtear cealla duine, cealla ainmhí, cealla planda, baictéir, giostaí, fungais nó einsímí chun táirgí a dhéanamh atá faoi Chaibidlí 29 go 39.

9.3. Meastar gur leor na hoibríochtaí próiseála seo a leanas de réir mhír 1 d'Airteagal 4 i gcás táirgí atá faoi Chaibidlí 28, 29 (seachas: 2905.43-2905.44), 30, 32, 33 (seachas: 3302.10, 3301) 34, 35 (seachas: 35.01, 3502.11-3502.19, 3502.20, 35.05), 36, 37, 38 (seachas: 3809.10, 38.23, 3824.60, 38.26) agus 39 (seachas: 39.16-39.26):

– Imoibriú ceimiceach: Is éard is 'imoibriú ceimiceach' ann próiseas (lena n-áirítear próiseas bithcheimiceach) as a dtagann móilín ag a bhfuil struchtúr nua de thoradh naisc idirmhóilíneacha a bhriseadh agus naisc idirmhóilíneacha nua a dhéanamh, nó leagan amach spásúil na n-adamh i móilín a athrú. Féadfar imoibriú ceimiceach a chur in iúl tríd an 'uimhir CAS' a athrú.

  Níor cheart na próisis seo a leanas a mheas chun críoch tionscnaimh: (a) tuaslagadh in uisce nó i dtuaslagóirí eile; (b) díbirt tuaslagóirí lena n-áirítear uisce tuaslagach; nó (c) uisce criostalúcháin a chur leis nó a dhíothú. Imoibriú ceimiceach mar a shainmhínítear thuas, measfar gur imoibriú ceimiceach é a dtugtar stádas tionscnaimh dá bharr.

– Meascáin agus Cumaisc: Ábhair a mheascadh nó a chumasc (lena n-áirítear easrú) d'aon ghnó agus faoi rialú comhréireach, seachas caolaitheoirí a chur leo, chun sonraíochtaí réamhchinntithe a chomhlíonadh agus as a n-eascraíonn earra ag a bhfuil saintréithe fisiceacha nó ceimiceacha atá ábhartha maidir le críocha nó úsáidí an earra agus nach ionann iad agus na hábhair ionchuir, measfar gur próisis iad sin a dtugtar stádas tionscnaimh dá mbarr.

– Íonú: Measfar gur próiseas é an t-íonú a dtugtar stádas tionscnaimh dá bharr ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin de na critéir seo a leanas de thoradh an íonaithe a dhéantar i gcríoch Páirtí amháin nó an dá Pháirtí:

(a) íonú earra arb é an toradh atá air díbirt 80 % ar a laghad den chion neamhíonachta atá ann; nó

(b) laghdú nó díbirt neamhíonachta dar toradh earra atá oiriúnach do cheann amháin nó níos mó de na feidhmeanna seo a leanas:

(i) substaintí de ghrád cógaisíochta, leighis, cosmaide, tréidliachta, nó bia;

(ii) táirgí ceimiceacha agus imoibrithe le haghaidh úsáidí anailíseacha, diagnóiseacha nó saotharlainne;

(iii) eilimintí agus comhpháirteanna lena n-úsáid sa mhicrileictreonaic;

(iv) úsáidí optúla speisialaithe;

(v) úsáid bhith-theicniúil (e.g. i saothrú ceall, sa teicneolaíocht ghéiniteach, nó mar chatalaíoch);

(vi) iompróirí a mbaintear úsáid astu i bpróiseas scartha; nó

(vii) úsáidí de ghrád núicléach.

– Athruithe ar mhéid cáithníní: Méid cáithníní earra a mhodhnú d’aon ghnó agus faoi rialú, seachas trí bhrúscadh nó trí bhrú amháin, as a n-eascraíonn earra ag a bhfuil méid cáithníní sainithe, dáileadh méide cáithníní sainithe nó achar dromchla sainithe atá ábhartha maidir le críocha an earra a thiocfaidh as agus ag a bhfuil saintréithe fisiceacha nó ceimiceacha nach ionann iad agus na hábhair ionchuir, measfar gur próiseas é sin a dtugtar stádas tionscnaimh dá bharr.

– Ábhair chaighdeánacha: Is éard is ábhair chaighdeánacha (lena n-áirítear tuaslagáin chaighdeánacha) ann, ullmhóidí atá oiriúnach le haghaidh úsáidí anailíseacha, calabrúcháin nó tagartha agus ag a bhfuil méideanna beachta íonachta nó cionta a dheimhníonn an monaróir. Ábhair chaighdeánacha a tháirgeadh, measfar gur próiseas é a dtugtar stádas tionscnaimh dá bharr.

– Scaradh isiméirí: Isiméirí a leithlisiú nó a scaradh ó mheascán isiméirí, measfar gur próisis iad a dtugtar stádas tionscnaimh dá mbarr.

## IARSCRÍBHINN II

**LIOSTA DEN OIBRIÚ NÓ DEN PHRÓISEÁIL IS GÁ A DHÉANAMH AR ÁBHAIR NEAMHTHIONSCNAIMH CHUN GO dTABHARFAR AN STÁDAS TÁIRGE TIONSCNAIMH DON TÁIRGE MONARAITHE**

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 1 | Ainmhithe beo | Ní mór na hainmhithe uile atá faoi Chaibidil 1 a bheith faighte go hiomlán |
| Caibidil 2 | Feoil agus scairteach feola inite | Monarú ina bhfaightear go hiomlán an fheoil agus an scairteach feola inite uile sna táirgí atá faoin gCaibidil seo |
| Caibidil 3 | Éisc agus crustaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile | Monarú ina bhfaightear go hiomlán na hábhair uile faoi Chaibidil 3 a úsáidtear |
| Caibidil 4 | Toradh déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha; táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile | Monarú ina bhfaightear go hiomlán na hábhair uile faoi Chaibidil 4 a úsáidtear |
| ex Caibidil 5 | Táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal |
| ex 0511 91 | Uibheacha agus eochraí éisc do-ite | Tá na huibheacha agus na heochraí uile faighte go hiomlán |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 6 | Crainn bheo agus plandaí eile; bleibíní, fréamhacha agus a leithéidí; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach | Monarú ina bhfaightear go hiomlán na hábhair uile faoi Chaibidil 6 a úsáidtear |
| Caibidil 7 | Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite | Monarú ina bhfaightear go hiomlán na hábhair uile faoi Chaibidil 7 a úsáidtear |
| Caibidil 8 | Torthaí agus cnónna inite; craiceann torthaí citris nó mealbhacán | Monarú ina bhfaightear go hiomlán na torthaí, na cnónna agus craiceann torthaí citris nó mealbhacán faoi Chaibidil 8 a úsáidtear |
| Caibidil 9 | Caife, tae, maité agus spíosraí | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal |
| Caibidil 10 | Gránaigh | Monarú ina bhfaightear go hiomlán na hábhair uile faoi Chaibidil 10 a úsáidtear |
| Caibidil 11 | Táirgí an tionscail muilleoireachta; braich; stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta | Monarú ina bhfaightear go hiomlán na hábhair uile faoi Chaibidlí 8, 10 agus 11, faoi cheannteidil 0701, 0714, 2302 agus 2303, agus faoi fho-cheannteideal 0710 10 a úsáidtear |
| Caibidil 12 | Síolta ola agus torthaí olúla; gráinní, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; tuí agus farae | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| ex Caibidil 13 | Leaic; gumaí, roisíní agus súnna plandúla agus úisc phlandúla eile; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex 1302 | Substaintí peicteacha, peicteanáití agus peicteáití | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh |
| Caibidil 14 | Ábhair fíocháin phlandúla; táirgí ó phlandaí nach bhfuil sonraithe ná san áireamh in áit eile | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal |
| ex Caibidil 15 | Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha ainmhíocha nó plandúla; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 1504 go 1506 | Saillte agus olaí agus a gcodáin, ó éisc agus ó mhamaigh farraige; sail caorach agus substaintí sailleacha a fhaightear uaithi (lena n-áirítear úsc olla); saillte ainmhíocha eile agus olaí ainmhíocha eile agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal |
| 1508 | Ola pise talún agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach | Monarú as ábhair atá faoi aon fho-cheannteideal nach é fo-cheannteideal an táirge é |
| 1509 agus 1510 | Ola olóige agus a codáin | Monarú ina bhfaightear go hiomlán na hábhair phlandúla uile a úsáidtear |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 1511 | Ola pailme agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach | Monarú as ábhair atá faoi aon fho-cheannteideal nach é fo-cheannteideal an táirge é |
| ex 1512 | Olaí lus na gréine agus a gcodáin:<br>- le haghaidh úsáidí teicniúla nó tionsclaíocha seachas monarú earraí bia lena gcaitheamh ag an duine<br>- eile | <br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>Monarú ina bhfaightear go hiomlán na hábhair phlandúla uile a úsáidtear |
| 1515 | Saillte agus olaí plandúla do-ghalaithe eile (lena n-áirítear ola hahóba) agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach | Monarú as ábhair atá faoi aon fho-cheannteideal nach é fo-cheannteideal an táirge é |
| ex 1516 | Saillte agus olaí agus a gcodáin, ó éisc | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal |
| 1520 | Gliocról, amh; uiscí gliocróil agus buac ghliocróil | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal |
| Caibidil 16 | Ullmhóidí ó fheoil, ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisceacha eile | Monarú ina bhfaightear go hiomlán na hábhair uile faoi Chaibidlí 2, 3 agus 16 a úsáidtear |
| ex Caibidil 17 | Siúcraí agus milseogra siúcra; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 1702 | Siúcraí eile, lena n-áirítear lachtós, maltós, glúcós agus fruchtós atá íon ó thaobh ceimice de, i bhfoirm sholadach; síoróipí siúcra nach bhfuil ábhar breise blaistithe ná dathúcháin curtha leo; mil shaorga, bíodh sí measctha le mil nádúrtha nó ná bíodh; caramal: | |
| | - Maltós agus fruchtós atá íon ó thaobh ceimice de | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal 1702 |
| | - Eile | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, nach é ceannteideal an táirge é, nach mó meáchan na n-ábhar faoi cheannteidil 1101 go 1108, 1701 agus 1703 a úsáidtear lena linn ná 30 % de mheáchan an táirge deiridh |
| 1704 | Milseogra siúcra (lena n-áirítear seacláid bhán), nach bhfuil cócó iontu | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, agus lena mbaineann na nithe seo a leanas:<br>– nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh<br>nó<br>– nach mó luach an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 18 | Cócó agus ullmhóidí cócó; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh |
| ex 1806 | Seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, agus lena mbaineann na nithe seo a leanas:<br>– nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh<br>nó<br>– nach mó luach an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| 1806 10 | Púdar cócó, a bhfuil siúcra breise nó ábhair mhilsiúcháin eile curtha leis | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 1901 | Eastóscán braiche; ullmhóidí bia de phlúr, piocuaran, min, stáirse nó eastóscán braiche, nach bhfuil cócó iontu nó nach mó ná 40 % a gcion cócó de réir meáchain arna ríomh ar bhonn lán-díshaillte, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile; ullmhóidí bia d'earraí atá faoi cheannteidil 0401 go 0404, nach bhfuil cócó iontu nó nach mó ná 5 % a gcion cócó de réir meáchain arna ríomh ar bhonn lán-díshaillte, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile: | |
| | - Eastóscán braiche | Monarú as gránaigh atá faoi Chaibidil 10 |
| | - Eile | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh meáchan aonair an tsiúcra agus na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáidtear lena linn |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 1902 | Pasta, bíodh sé cócaráilte nó líonta le búiste (feola nó substaintí eile) nó ná bíodh, nó ullmhaithe ar bhealach eile, amhail spaigití, macarón, núdail, lasáinne, gnocchi, raiviólaí, canalóiní; cúscús, bíodh sé ullmhaithe nó ná bíodh | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, agus lena mbaineann na nithe seo a leanas:<br>– nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 1006 agus 1101 go 1108 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh, agus<br>– nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi Chaibidlí 2, 3 agus 16 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh |
| 1903 | Taipióca agus ionadaigh de atá déanta as stáirse, iad i bhfoirm calóg, gráinní, péarlaí, fuíoll criathair nó foirmeacha comhchosúla | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas stáirse prátaí atá faoi cheannteideal 1108 |
| 1904 | Bianna ullmhaithe a fhaightear trí ghránaigh nó trí tháirgí gránacha a shéideadh nó a róstadh (calóga arbhair, mar shampla); gránaigh (seachas arbhar Indiach) i bhfoirm gránach nó i bhfoirm calóg nó gránach oibrithe eile (seachasplúr, piocuaran agus min), iad réamhchócaráilte nó ullmhaithe ar bhealach eile, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal an táirge, agus lena mbaineann na nithe seo a leanas:<br>– nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 1006 agus 1101 go 1108 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh, agus<br>– nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 1905 | Arán, taosrán, cácaí, brioscaí agus táirgí eile báicéirí, bíodh cócó iontu nó ná bíodh; abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá oiriúnach d’úsáid chógaisíochta, sliseoga séalaithe, ríspháipéar agus táirgí comhchosúla | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteidil 1006 agus 1101 go 1108 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh |
| ex Caibidil 20 | Ullmhóidí glasraí, torthaí, cnónna nó codanna eile de phlandaí; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 2002 agus 2003 | Trátaí, beacáin agus strufail, iad ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, nach é ceannteideal an táirge é, ina bhfuarthas go hiomlán na hábhair uile faoi Chaibidil 7 a úsáidtear |
| 2006 | Glasraí, torthaí, cnónna, craiceann torthaí agus codanna eile de phlandaí, iad leasaithe le siúcra (draenáilte, glacé nó criostalaithe) | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh |
| 2007 | Subha, glóthacha torthaí, marmaláidí, purée torthaí nó cnónna agus leafaois torthaí nó cnónna, a fhaightear trí chócaráil, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin breise eile curtha leo nó ná bíodh | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex 2008 | Táirgí seachas:<br>- Cnónna, nach bhfuil siúcra breise ná biotáille bhreise curtha leo<br>- Im piseanna talún; meascáin atá bunaithe ar ghránaigh; croíthe pailme; grán buí (arbhar Indiach)<br>- Torthaí agus cnónna atá cócaráilte ar bhealach seachas trína ngalbhruith nó trína mbruith in uisce, nach bhfuil siúcra breise curtha leo, iad reoite | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh |
| 2009 | Súnna torthaí (lena n-áirítear úrfhíon fíonchaor) agus súnna glasraí, neamhchoipthe agus nach bhfuil biotáille bhreise curtha leo, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin breise curtha leo nó ná bíodh | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh |
| ex Caibidil 21 | Ullmhóidí inite ilghnéitheacha; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 2103 | - Anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh; tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar plúr mustaird nó min mhustaird nó mustard ullmhaithe a úsáid |
| | - Plúr mustaird agus min mhustaird agus mustard ullmhaithe | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 2105 | Uachtar reoite agus oighear inite eile, bíodh cócó iontu nó ná bíodh | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, agus lena mbaineann na nithe seo a leanas:<br>– nach mó meáchan aonair an tsiúcra agus na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh<br>agus<br>– nach mó meáchan carntha an tsiúcra agus na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáidtear lena linn ná 60 % de mheáchan an táirge deiridh |
| 2106 | Ullmhóidí bia nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 22 | Deochanna, biotáillí agus fínéagar; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, nach é ceannteideal an táirge é, ina bhfuil na hábhair uile atá faoi fho-cheannteidil 0806 10, 2009 61, 2009 69, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán |
| 2202 | Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianracha agus uiscí aeraithe, a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó atá blaistithe, agus deochanna neamhalcólacha eile, seachas súnna torthaí nó glasraí atá faoi cheannteideal 2009 | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 2207 agus 2208 | Alcól eitile gan dínádúrú ar mó nó lú ná 80 % a neart alcóil de réir toirte; biotáillí, licéir agus deochanna biotáilleacha eile | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal 2207 nó 2208 ina bhfuil na hábhair uile atá faoi fho-cheannteidil 0806 10, 2009 61, 2009 69, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán |
| ex Caibidil 23 | Iarmhair agus dramhaíl ó na tionscail bhia; farae ullmhaithe d'ainmhithe; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 2309 | Ullmhóidí de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe | Monarú:<br>– ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 2, agus 3 a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán,<br>– nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi Chaibidlí 10 agus 11 agus atá faoi cheannteidil 2302 agus 2303 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh,<br>– nach mó meáchan aonair an tsiúcra agus na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh agus<br>– nach mó meáchan carntha an tsiúcra agus na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáidtear lena linn ná 50 % de mheáchan an táirge deiridh |
| ex Caibidil 24 | Tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannteideal 2401 ná 30 % de mheáchan iomlán na n-ábhar atá faoi Chaibidil 24 a úsáidtear lena linn |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 2401 | Tobac neamh-mhonaraithe; iarmhar tobac | Monarú ina bhfaightear go hiomlán na hábhair uile faoi cheannteideal 2401 |
| ex 2402 | Toitíní, as tobac nó as ionadaigh tobac | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, nach é ceannteideal an táirge é ná ceannteideal an tobac lena chaitheamh atá faoi fho-cheannteideal 2403 19, inarb ábhair a fhaightear go hiomlán atá in 10 % ar a laghad de mheáchan na n-ábhar uile faoi cheannteideal 2401 a úsáidtear lena linn |
| ex 2403 | Táirgí atá ceaptha le haghaidh ionanálú trína téamh nó ar bhealach eile, gan dóchán | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, nach é ceannteideal an táirge é, ina bhfuarthas go hiomlán ar a laghad 10 % de mheáchan na n-ábhar uile atá faoi cheannteideal 2401 a úsáidtear lena linn |
| ex Caibidil 25 | Salann; sulfar; ithreacha agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex 2519 | Carbónáit mhaignéisiam nádúrtha brúite (maignéisít), i gcoimeádáin séalaithe go heirméiteach, agus ocsaíd mhaignéisiam, bídís íon nó ná bíodh, seachas maignéis chomhleáite nó maignéis atá cailcínithe amach (sintéaraithe) | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maignéisít) a úsáid |
| Caibidil 26 | Mianta, slaig agus luaith | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| ex Caibidil 27 | Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex 2707 | Olaí a bhfuil meáchan na gcomhábhar aramatach iontu níos mó ná meáchan na gcomhábhar neamharamatach, ar olaí iad atá cosúil le holaí mianracha a fhaightear trí tharra guail ardteochta a dhriogadh, is é sin tarra guail ardteochta a ndriogann níos mó ná 65 %, de réir toirte, ag teocht nach mó ná 250 °C (lena n-áirítear meascáin de bhiotáille peitriliam agus beansól), lena n-úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téite | Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha([1])<br>nó<br>Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| 2710 | Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, seachas cinn amha; ullmhóidí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile, ar olaí peitriliam nó olaí iad a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha 70 % nó níos mó, de réir meáchain, dá bhfuil iontu, agus inarb iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí; olaí dramhaíola | Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha([1])<br>nó<br>Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 2711 | Gáis pheitriliam agus hidreacarbóin ghásacha eile | Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha([1])<br>nó<br>Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| 2712 | Glóthach pheitriliam; céir phairifín, céir pheitriliam mhicricriostalta, céir ola, ózaiceirít, céir ligníte, céir mhóna, céaracha mianracha eile, agus táirgí comhchosúla a fhaightear trí shintéis nó trí phróisis eile, bídís daite nó ná bídís | Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha([1])<br>nó<br>Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 2713 | Cóc peitriliam, biotúman peitriliam agus iarmhair eile olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha | Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha([1])<br>nó<br>Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| Caibidil 28 | Ceimiceáin neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha as miotail lómhara, as miotail tearc-chré, as dúile radaighníomhacha nó as iseatóip | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
| --- | --- | --- |
| ex Caibidil 29 | Ceimiceáin orgánacha; seachas: | Próiseas sonrach nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex 2901 | Hidreacarbóin neamh-thimthriallacha lena n-úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téimh | Próiseas nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha([1])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| ex 2902 | Ciogláin agus cigléiní (seachas asailéiní), beinséin, tolúéin, xiléiní, lena n-úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téimh | Próiseas nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha([1])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex 2905 | Alcóláiteanna miotail atá déanta as alcóil atá faoin gceannteideal seo agus as eatánól | Próiseas nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile faoi cheannteideal 2905. Mar sin féin, féadfar alcóláiteanna miotail atá faoin gceannteideal seo a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| Caibidil 30 | Táirgí cógaisíochta | Próiseas nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 31 | Leasacháin | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| Caibidil 32 | Eastóscáin súdaireachta nó ruaimneoireachta; tainniní agus a ndíorthaigh; ruaimeanna, líocha agus ábhair dhathúcháin eile; péinteanna agus vearnaisí; puití agus maisteoga eile; dúigh | Próiseas nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 33 | Blátholaí agus roisíneoidí; ullmhóidí cumhradóireachta, cosmaideacha nó maisíochta | Próiseas sonrach nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 34 | Gallúnach, oibreáin dhromchlaghníomhacha orgánacha, ullmhóidí níocháin, ullmhóidí bealaithe, céaracha saorga, céaracha sainullmhaithe, ullmhóidí snasúcháin nó sciúracháin, coinnle agus earraí comhchosúla, taos múnlóireachta, 'déadchéaracha' agus ullmhóidí déidliachta de bhunús plástair | Próiseas sonrach nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 35 | Substaintí albaimionóideacha; stáirsí modhnaithe; gliúnna; einsímí | Próiseas sonrach nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 40 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 36 | Pléascáin; táirgí piriteicniúla; lasáin; cóimhiotail phireafóracha; ullmhóidí indóite áirithe | Próiseas sonrach nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 37 | Earraí fótagrafacha nó cineamatagrafacha | Próiseas sonrach nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 38 | Táirgí ceimiceacha éagsúla; seachas: | Próiseas sonrach nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| ex 3811 | Ullmhóidí frithchnagarnaí, coscairí ocsaídiúcháin, coscairí guma, feabhsaitheoirí slaodachta, ullmhóidí frithchreimneacha agus breiseáin ullmhaithe eile, le haghaidh olaí mianra (lena n-áirítear gásailín) nó le haghaidh leachtanna eile a úsáidtear chun na gcríoch céanna a n-úsáidtear olaí mianra chucu:<br><br>- Breiseáin ullmhaithe le haghaidh olaí bealaithe, ina bhfuil olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha | Próiseas sonrach nó próisis shonracha([4])<br>nó<br><br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile atá faoi cheannteideal 3811 a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex 3824 99 agus ex 3826 00 | Bithdhíosal | Monarú ina bhfaightear bithdhíosal trí thras-eistearúchán agus/nó trí eistearúchán nó trí hidreachóireáil |
| Caibidil 39 | Plaistigh agus earraí atá déanta astu | Próiseas sonrach nó próisis shonracha([4])<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon fho-cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 40 | Rubar agus earraí díobh; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| ex 4012 | Boinn atráchta aeir, sholadacha nó chúisín, as rubar | Atráchtú bonn caite |
| ex Caibidil 41 | Seithí agus craicne amha (seachas craicne fionnaidh) agus leathar; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 4104 go 4106 | Seithí agus craicne, iad súdaraithe nó coirteach, gan olann gan ghruaig, bídís scoilte nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu | Athshúdaireacht ar leathar súdaraithe<br>nó<br>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 42 | Earraí leathair; diallatra agus úmacha; earraí taistil, málaí láimhe agus coimeádáin chomhchosúla; earraí déanta as inne ainmhí (seachas inne seiriceáin) | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| ex Caibidil 43 | Craicne fionnaidh agus fionnadh saorga; earraí monaraithe díobh; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| ex 4302 | Craicne fionnaidh súdaraithe nó cóirithe, iad cóimeáilte:<br>- Plátaí, crosa agus foirmeacha comhchosúla.<br><br>- Eile | <br>Craicne fionnaidh súdaraithe nó cóirithe neamhchóimeáilte a thuaradh nó a ruaimniú, a ghearradh agus a chóimeáil<br>Monarú as craicne fionnaidh súdaraithe nó cóirithe, iad neamhchóimeáilte |
| 4303 | Baill éadaigh, gabhálais éadaigh agus earraí eile craicinn fionnaidh | Monarú as craicne fionnaidh súdaraithe nó cóireáilte atá neamhchóimeáilte faoi cheannteideal 4302 |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 44 | Adhmad agus earraí adhmaid; fioghual; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| ex 4407 | Adhmad atá sáfa nó scealptha ar a fhad, sliseáilte nó scafa, atá ar tiús is mó ná 6 mm, bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh | Plánáil, greanáil nó ceannsiúntáil |
| ex 4408 | Leatháin atá le veiníriú (lena n-áirítear leatháin a fhaightear trí adhmad lannaithe a shliseadh), agus leatháin le haghaidh sraithadhmaid, nach mó ná 6 mm a dtiús, scarshiúntaithe, agus adhmaid eile, atá sáfa ar a fhad, sliste nó scafa nach mó ná 6 mm a dtiús, plánáilte, greanáilte nó ceannsiúntáilte | Spladhsáil, plánáil, greanáil nó ceannsiúntáil |
| ex 4410 go ex 4413 | Feirbíní agus múnlálacha, lena n-áirítear clár sciorta múnlaithe agus cláir mhúnlaithe eile | Feirbeadh nó múnlú |
| ex 4415 | Cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumaí agus pacáistithe comhchosúla, atá déanta as adhmad | Monarú as cláir nach bhfuil gearrtha ar thomhas |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex 4418 | - Táirgí adhmaid siúinéireachta agus cearpantóireachta<br><br><br>- Feirbíní agus múnlálacha | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar painéil cheallacha adhmaid, slinnte agus fabhtanna a úsáid<br><br>Feirbeadh nó múnlú |
| ex 4421 | Cléithíní meaitseála; pionnaí adhmaid nó bioráin do choisbhearta | Monarú as adhmad faoi aon cheannteideal seachas adhmad tarraingthe faoi cheannteideal 4409 |
| Caibidil 45 | Corc agus earraí atá déanta as corc | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br><br>nó<br><br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| Caibidil 46 | Earraí monaraithe atá déanta as tuí, as easpartó nó as ábhair thrilseacha eile; earraí ciseáin agus earraí caoladóireachta | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br><br>nó<br><br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 47 | Laíon adhmaid nó ábhair shnáithíneacha cheallalósacha eile; páipéar athshlánaithe nó cairtchlár athshlánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll) | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| Caibidil 48 | Páipéar agus páipéarchlár; nithe atá déanta as laíon páipéir, as páipéar nó as páipéarchlár | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| Caibidil 49 | Leabhair chlóite, nuachtáin, pictiúir agus táirgí eile na tionsclaíochta clódóireachta; lámhscríbhinní, clóscríbhinní agus pleananna | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 50 | Síoda; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| ex 5003 | Dramhshíoda (lena n-áirítear cocúin nach bhfuil oiriúnach lena dtochras, dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe), cardáilte nó cíortha | Dramhshíoda a chardáil nó a chíoradh |
| 5004 go ex 5006 | Snáth síoda agus snáth a sníomhadh as dramhshíoda | ([2])<br>Sníomh snáithíní nádúrtha<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid leanúnaigh de dhéantús an duine maille le sníomh<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid leanúnaigh de dhéantús an duine maille le casadh<br>nó<br>Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5007 | Fabraicí fite as síoda nó as dramhshíoda | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Casadh nó aon oibríocht mheicniúil maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le ruaimniú<br>nó<br>Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le priontáil<br>nó<br>Priontáil (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 51 | Olann, fionnadh ainmhíoch mín nó garbh; snáth róin agus fabraic fhite; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 5106 go 5110 | Snáth olla, as fionnadh ainmhíoch mín nó garbh nó as rón | ([2])<br>Sníomh snáithíní nádúrtha<br>nó<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh<br>nó<br>Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5111 go 5113 | Fabraicí fite olla, as fionnadh ainmhíoch mín nó garbh, nó as rón: | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le ruaimniú<br>nó<br>Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le priontáil<br>nó<br>Priontáil (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 52 | Cadás; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 5204 go 5207 | Snáth agus snáithe cadáis | ([2])<br>Sníomh snáithíní nádúrtha<br>nó<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh<br>nó<br>Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5208 go 5212 | Fabraicí fite as cadás | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Casadh nó aon oibríocht mheicniúil maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le ruaimniú nó bratú nó lannú<br>nó<br>Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le priontáil<br>nó<br>Priontáil (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 53 | Snáithíní teicstíle plandúla eile; snáth páipéir agus fabraicí fite as snáth páipéir; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 5306 go 5308 | Snáth as snáithíní teicstíle plandúla eile;<br>snáth páipéir | ([2])<br>Sníomh snáithíní nádúrtha<br>nó<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh<br>nó<br>Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5309 go 5311 | Fabraicí fite as snáithíní eile teicstíle plandúla; fabraicí fite as snáth páipéir: | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le ruaimniú nó bratú nó lannú<br>nó<br>Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le priontáil<br>nó<br>Priontáil (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5401 go 5406 | Snáth, aonfhiliméad agus snáithe as filiméid de dhéantús an duine | ([2])<br>Sníomh snáithíní nádúrtha<br>nó<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh<br>nó<br>Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5407 agus 5408 | Fabraicí fite as snáth filiméid de dhéantús an duine | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Casadh nó aon oibríocht mheicniúil maille le fíodóireacht<br>nó<br>Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le ruaimniú nó bratú nó lannú<br>nó<br>Fíodóireacht maille le priontáil<br>nó<br>Priontáil (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5501 go 5507 | Snáithíní stáplacha de dhéantús an duine | Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine |
| 5508 go 5511 | Snáth agus snáithe fuála as snáithíní stáplacha de dhéantús an duine | ([2])<br>Sníomh snáithíní nádúrtha<br>nó<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh<br>nó<br>Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5512 go 5516 | Fabraicí fite as snáithíní stáplacha de dhéantús an duine: | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Casadh nó aon oibríocht mheicniúil maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le ruaimniú nó bratú nó lannú<br>nó<br>Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le priontáil<br>nó<br>Priontáil (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 56 | Flocas, feilt agus ábhair neamhfhite; snáth speisialta; sreangán, téadra, rópaí agus cáblaí agus earraí díobh; seachas: | ([2])<br>Sníomh snáithíní nádúrtha<br>nó<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh |
| 5601 | Flocas as ábhair theicstíle agus earraí díobh; snáithíní teicstíle nach bhfuil níos mó ná 5 mm ar fad (flocas), deannach teicstíle agus brutha muilinn | Sníomh snáithíní nádúrtha<br>nó<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh<br>nó<br>Flocas maille le ruaimniú nó priontáil<br>nó<br>Bratú, flocasú, lannú nó miotalú maille le dhá phríomhoibríocht ullmhúcháin nó bailchríche ar a laghad (mar shampla cleandráil, próisis friotaíochta craptha, socrú teasa, bailchríochnú buan) ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5602 | Feilt, bíodh sí tuilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe nó ná bíodh: | |
| | - Feilt seoil snáthaide | ([2])<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le déanamh fabraice.<br>Mar sin féin:<br>– as filiméad polapróipiléine faoi cheannteideal 5402,<br>– as snáithíní polapróipiléine faoi cheannteideal 5503 nó 5506, nó<br>– as barrach filiméadach polapróipiléine faoi cheannteideal 5501,<br>ar lú ná 9 ndeiciteics an ainmníocht a ghabhann le filiméid aonair nó le snáithín aonair i ngach cás, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 40 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Fabraic neamhfhite amháin i gcás feilt de dhéantús snáithíní nádúrtha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| | - Eile | ([2])<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le déanamh fabraice<br>nó<br>Fabraic neamhfhite amháin i gcás feilt de dhéantús snáithíní nádúrtha |
| 5603 | Ábhair neamhfhite, bídís tuilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe nó ná bídís | |
| 5603 11 go 5603 14 | Ábhair neamhfhite, bídís tuilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe as filiméid de dhéantús an duine nó ná bídís | Monarú as<br>– filiméid atá dírithe ó thaobh an treo de nó atá dírithe go randamach<br>nó<br>– substaintí nó polaiméirí nádúrtha nó de dhéantús an duine,<br>trína nascadh, ina dhiaidh sin sa dá chás, le fabraic neamhfhite |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5603 91 go<br>5603 94 | Ábhair neamhfhite, bídís tuilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe, seachas iad siúd as filiméid de dhéantús an duine, nó ná bídís | Monarú as<br>– snáithíní stáplacha atá dírithe ó thaobh an treo de nó atá dírithe go randamach<br>agus/nó<br>– snáth mionghearrtha nádúrtha nó de dhéantús an duine,<br>trína nascadh, ina dhiaidh sin sa dá chás, le fabraic neamhfhite |
| 5604 | Snáithe agus corda rubair, clúdaithe le teicstíl; snáth teicstíle, agus stiallacha agus a leithéidí atá faoi cheannteideal 5404 nó 5405, iad tuilte, brataithe, clúdaithe nó cumhdaithe le rubar nó le plaitigh: | |
| | - Snáithe agus corda rubair, clúdaithe le teicstíl | Arna mhonarú as snáithe rubair nó corda rubair, nach bhfuil clúdaithe le teicstíl |
| | - Eile | ([2])<br>Sníomh snáithíní nádúrtha<br>nó<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh<br>nó<br>Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5605 | Snáth miotalaithe, bíodh sé galúnaithe nó ná bíodh, as snáth teicstíle, nó stiallacha nó a leithéidí atá faoi cheannteideal 5404 nó 5405, iad cumaiscthe le miotal i bhfoirm snáithe, stiallacha nó púdair nó clúdaithe le miotal | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine<br>nó<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh<br>nó<br>Casadh maille le haon oibríocht mheicniúil |
| 5606 | Snáth galúnaithe, agus stiallacha agus a leithéidí atá faoi cheannteideal 5404 nó 5405, galúnaithe (seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 5605 agus snáth róin galúnaithe); snáth chenille (lena n-áirítear snáth chenille flocais); snáth buinne lúibe | ([2])<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le sníomh<br>nó<br>Casadh maille le galúnú<br>nó<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine<br>nó<br>Flocas a chur ar ábhar maille le ruaimniú |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 57 | Cairpéid agus clúdaigh eile urláir theicstíle: | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht nó le caitíniú<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht nó le caitíniú<br>nó<br>Monarú as snáth coighre nó snáth sisil, nó snáth siúite nó snáth vioscósach arna shníomh ar fháinne clasaiceach<br>nó<br>Caitíniú maille le ruaimniú nó le priontáil<br>nó<br>Flocasú maille le ruaimniú nó le priontáil<br>nó<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le teicnící neamhfhite lena n-áirítear puinseáil le snáthaid<br>Féadfar fabraic siúite a úsáid mar ábhar taca |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 58 | Fabraicí fite speisialta; fabraicí teicstíle dosacha; lása; taipéisí; ciumhsóga; earraí bróidnéireachta; seachas: | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht nó le caitíniú<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht nó le caitíniú<br>nó<br>Fíodóireacht maille le ruaimniú nó le flocasú nó le bratú nó le lannú nó le miotalú<br>nó<br>Caitíniú maille le ruaimniú nó le priontáil<br>nó<br>Flocasú maille le ruaimniú nó le priontáil<br>nó<br>Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le priontáil<br>nó<br>Priontáil (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5805 | Taipéisí lámhfhite de chineálacha Gobelins, Flanders, Aubusson, Beauvais agus a leithéid, agus taipéisí snáthaid-saothraithe (mar shampla, petit point, croslúb), bídís rédhéanta nó ná bídís | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 5810 | Bróidnéireacht sa phíosa, i stiallacha nó i móitífeanna | Bróidnéireacht nach mó luach na n-ábhar uile faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| 5901 | Fabraicí teicstíle atá brataithe le guma nó le substaintí amáláiseacha, de chineál a úsáidtear le haghaidh forchlúdaigh leabhar nó a leithéidí; rianéadach; canbhás ullmhaithe péinteála; bucram agus fabraicí teicstíle righnithe comhchosúla de chineál a úsáidtear don haitéireacht | Fíodóireacht maille le ruaimniú nó le flocasú nó le bratú nó le lannú nó le miotalú<br>nó<br>Flocasú maille le ruaimniú nó le priontáil |
| 5902 | Fabraic corda boinn de shnáth ardrighnis as níolón nó as polaimídí eile, as poileistir nó as réón vioscósach:<br>- Ina bhfuil cion ábhar teicstíle nach mó ná 90 % de réir meáchain<br>- Eile | <br><br>Fíodóireacht<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le fíodóireacht |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5903 | Fabraicí teicstíle atá tuilithe, brataithe, clúdaithe nó lannaithe le plaistigh, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 5902 | Fíodóireacht maille le tuile nó le bratú nó le clúdach nó le lannú nó le miotalú<br>nó<br>Fíodóireacht maille le priontáil<br>nó<br>Priontáil (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |
| 5904 | Líonóil, bíodh sí gearrtha de réir crutha nó ná bíodh; clúdaigh urláir arb é atá iontu bratú nó clúdach a chuirtear ar chúl taca teicstíle, bídís gearrtha de réir crutha nó ná bídís | ([2])<br>Fíodóireacht maille le ruaimniú nó le bratú nó le lannú nó le miotalú<br>Is féidir fabraic shiúite a úsáid mar thaca. |
| 5905 | Clúdaigh bhalla theicstíle:<br>- Iad tuilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe le rubar, le plaistigh nó le hábhair eile | Fíodóireacht, cniotáil nó foirmiú fabraice neamhfhite maille le tuile nó le bratú nó le clúdach nó le lannú nó le miotalú |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| | - Eile | (2)<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht, cniotáil nó foirmiú fabraice neamhfhite maille le ruaimniú nó le clódóireacht nó le lannú<br>nó<br>Fíodóireacht maille le priontáil<br>nó<br>Priontáil (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5906 | Fabraicí teicstíle rubaraithe, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 5902: | ([2]) |
| | - Fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte | Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le cniotáil/cróiseáil<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le cniotáil/cróiseáil<br>nó<br>Cniotáil nó cróiseáil maille le rubarú<br>nó<br>Rubarú maille le dhá oibríocht ullmhúcháin nó bailchríche eile ar a laghad (amhail cleandráil, próiseáil friotaíochta craptha, socrú teasa, bailchríochnú buan) ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| | - Fabraicí eile atá déanta as snáth filiméid shintéisigh, cion ábhar teicstíle is mó ná 90 % d'ábhair teicstíle de réir meáchain | Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le fíodóireacht |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| | - Eile | Fíodóireacht, cniotáil nó próiseas neamhfhite maille le ruaimniú nó le bratú/rubarú<br>nó<br>Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht, cniotáil nó próiseas neamhfhite<br>nó<br>Rubarú maille le dhá oibríocht ullmhúcháin nó bailchríche eile ar a laghad (amhail cleandráil, próiseáil friotaíochta craptha, socrú teasa, bailchríochnú buan) ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5907 | Fabraicí teicstíle atá tuilithe, brataithe nó clúdaithe ar bhealach eile; canbhás péinteáilte arb é atá ann radharcra amharclainne, cúlbhrait stiúideo nó a leithéid | Fíodóireacht nó cniotáil nó foirmiú fabraice neamhfhite maille le ruaimniú nó le priontáil nó le bratú nó le tuile nó le clúdach<br>nó<br>Flocasú maille le ruaimniú nó le priontáil<br>nó<br>Priontáil (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |
| 5908 | Buaicis teicstíle, iad fite, trilsithe nó cniotáilte, le haghaidh lampaí, sorn, lastóirí, coinnle nó a leithéidí; cochaill gáis ghealbhruthaigh agus fabraic fheadánach chniotáilte cochaill gáis díobh, bídís tuilte nó ná bídís: | |
| | - Cochaill gháis ghealbhruthacha, tuilte | Monarú as fabraic fheadánach chniotáilte/chróiseáilte chochaill gáis |
| | - Eile | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 5909 go 5911 | Earraí teicstíle de chineál atá oiriúnach le haghaidh úsáid thionsclaíoch: | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine maille le fíodóireacht<br>nó<br>Fíodóireacht maille le ruaimniú nó bratú nó lannú<br>nó<br>Bratú, flocasú, lannú nó miotalú maille le dhá phríomhoibríocht ullmhúcháin nó bailchríche ar a laghad (amhail cleandráil, próisis friotaíochta craptha, socrú teasa, bailchríochnú buan) ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 60 | Fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le cniotáil/cróiseáil<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le cniotáil/cróiseáil<br>nó<br>Cniotáil/cróiseáil maille le ruaimniú nó le flocasú nó le bratú nó le lannú nó le priontáil<br>nó<br>Flocasú maille le ruaimniú nó le priontáil<br>nó<br>Ruaimniú snátha maille le fíodóireacht/cróiseáil<br>nó<br>Casadh nó uigeachtú maille le cniotáil/cróiseáil ar choinníoll nach mó luach na fabraice neamhchasta/neamhuigeach a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 61 | Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, cniotáilte nó cróiseáilte: | |
| | - A fhaightear trí dhá cheann nó níos mó de phíosaí fabraice cniotáilte nó cróiseáilte a fhuáil le chéile nó a chóimeáil ar shlí eile, a gearradh de réir crutha nó a fuarthas go díreach de réir foirme | ([2])([3])<br>Cniotáil nó cróiseáil maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice |
| | - Eile | ([2])<br>Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine maille le cniotáil nó cróiseáil<br>nó<br>Easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine maille le cniotáil nó le cróiseáil<br>nó<br>Cniotáil agus cur le chéile in aon oibríocht amháin |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 62 | Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, gan chniotáil gan cróiseáil, seachas sna cásanna seo a leanas: | ([2])([3])<br>Fíodóireacht maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice<br>nó<br>Cur le chéile lena n-áirítear an fhabraic a ghearradh tar éis chéim na priontála (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |
| ex 6202, ex 6204,<br>ex 6206, ex 6209<br>agus ex 6211 | Éadaí ban, cailíní agus babaithe agus gabhálais éadaigh do bhabaithe, iad bróidnithe | ([3])<br>Fíodóireacht maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice<br>nó<br>Monarú as fabraic gan bhróidniú, ar choinníoll nach mó luach na fabraice gan bhróidniú a úsáidtear lena linn ná 40 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
| --- | --- | --- |
| ex 6210 agus ex 6216 | Trealamh dódhíonach as fabraic atá clúdaithe le scragall poileistir alúmanaim | ([2])([3])<br>Fíodóireacht maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice<br>nó<br>Bratú nó lannú ar choinníoll nach mó luach na fabraice neamhbhrataithe nó neamhlannaithe a úsáidtear lena linn ná 40 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha, maille leis an gcur le chéile, lena n-áirítear gearradh fabraice |
| ex 6212 | Cíochbhearta, sursaingí, cóirséid, guailleáin, crochóga, gairtéir agus baill éadaigh chomhchosúla agus codanna díobh, iad cniotáilte nó cróiseáilte, a fhaightear trí dhá cheann nó níos mó de phíosaí fabraice cniotáilte nó cróiseáilte a gearradh de réir crutha nó a fuarthas go díreach de réir foirme, a fhuáil le chéile nó a chóimeáil ar bhealach eile | ([2])([3])<br>Cniotáil maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice<br>nó<br>Cur le chéile lena n-áirítear an fhabraic a ghearradh tar éis chéim na priontála (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |
| 6213 agus 6214 | Ciarsúir ghlantach, seálta, scaifeanna, muifléid, maintillí, caillí agus a leithéidí: | |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| | - Bróidnithe | ([2])([3])<br>Fíodóireacht maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice<br>nó<br>Monarú as fabraic gan bhróidniú, ar choinníoll nach mó luach na fabraice gan bhróidniú a úsáidtear lena linn ná 40 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice<br>tar éis chéim na priontála (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |
| | - Eile | ([2])([3])<br>Fíodóireacht maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice<br>nó<br>Cur le chéile a dhéantar tar éis chéim na priontála (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 6217 | Gabhálais éadaigh rédhéanta eile; codanna de bhaill éadaigh nó de ghabhálais éadaigh, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 6212: | |
| | - Bróidnithe | ([3])<br>Fíodóireacht maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice<br>nó<br>Monarú as fabraic gan bhróidniú, ar choinníoll nach mó luach na fabraice gan bhróidniú a úsáidtear lena linn ná 40 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Cur le chéile a dhéantar tar éis chéim na priontála (a dhéantar mar oibríocht neamhspleách) |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| | - Trealamh dódhíonach as fabraic atá clúdaithe le scragall poileistir alúmanaim | ([3])<br>Fíodóireacht maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice<br>nó<br>Bratú nó lannú ar choinníoll nach mó luach na fabraice neamhbhrataithe nó neamhlannaithe a úsáidtear lena linn ná 40 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha maille le cur le chéile maille le gearradh fabraice |
| | - Idirlíneálacha le haghaidh coiléar agus cufaí, gearrtha astu | Monarú:<br>– as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal an táirge, agus<br>– nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 40 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| | - Eile | ([3])<br>Fíodóireacht maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 63 | Earraí rédhéanta teicstíle eile; foirne éadaí; éadaí caite agus earraí teicstíle caite; ceirteacha; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 6301 go 6304 | Pluideanna, rugaí taistil, éadaí leapa etc.; cuirtíní etc.; Earraí fearastaithe eile: | |
| | - As feilt, as ábhair neamhfhite | ([2])<br>Foirmiú fabraice neamhfhite maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice |
| | - Eile: | |
| | -- Bróidnithe | ([2])([3])<br>Fíodóireacht nó cniotáil/cróiseáil maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice<br>nó<br>Monarú as fabraic gan bhróidniú (seachas fabraic chniotáilte nó chróiseáilte), ar choinníoll nach mó luach na fabraice gan bhróidniú a úsáideadh lena linn ná 40 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| | -- Eile | (2)(3)<br>Fíodóireacht nó cniotáil/cróiseáil maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice |
| 6305 | Saic agus málaí, de chineál a úsáidtear chun earraí a phacáil | (2)<br>Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine nó sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó snáithíní stáplacha de dhéantús an duine, maille le fíodóireacht agus le cniotáil agus le cur le chéile lena n- áirítear gearradh fabraice |
| 6306 | Tarpóil, scáthbhrait agus dallóga gréine; pubaill; seolta le haghaidh bád; cláir seoil nó árthaí talún; earraí campála: | |
| | - As ábhair neamhfhite | (2)(3)<br>Foirmiú fabraice neamhfhite maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice |
| | - Eile | (2)(3)<br>Fíodóireacht maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice |
| 6307 | Earraí rédhéanta eile, lena n-áirítear patrúin do ghúnaí | Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 40 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 6308 | Foirne d'fhabraicí fite agus de shnáth, bíodh gabhálais ag gabháil leo nó ná bídís, lena ndéanamh i rugaí, taipéisí, éadaí boird nó naipcíní bróidnithe, nó in earraí teicstíle comhchosúla, iad i bpacáistíocht lena miondíol | Ní mór gach earra san fhoireann an riail a chomhlíonadh a bheadh i bhfeidhm mura mbeadh sé san áireamh san fhoireann. Is féidir earraí neamhthionscnaimh a ionchorprú, áfach, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 15 % de phraghas an tacair díreach ón monarcha |
| ex Caibidil 64 | Coisbhearta, loirgneáin agus a leithéidí; páirteanna de na hearraí sin; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas le haghaidh cóimeálacha d'uachtair atá greamaithe de bhoinn istigh nó de chomhpháirteanna boinn eile atá faoi cheannteideal 6406 |
| 6406 | Páirteanna de choisbhearta (lena n-áirítear uachtair, bídís ceangailte de bhoinn seachas boinn amuigh nó ná bídís); boinn istigh inbhainte, cúisíní sála agus earraí comhchosúla; loirgneáin, luiteoga agus baill éadaigh chomhchosúla agus codanna díobh | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| ex Caibidil 65 | Ceannbhearta agus páirteanna díobh | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 66 | Scáthanna fearthainne, scáthanna gréine, bataí siúil, bataí suíocháin, fuipeanna, fuipeanna marcaíochta agus páirteanna díobh: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| Caibidil 67 | Cleití agus clúmh ullmhaithe agus earraí déanta de chleití nó de chlúmh; bláthanna saorga; earraí déanta as gruaig dhaonna | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| Caibidil 68 | Earraí déanta as cloch, as plástar, as stroighin, as aispeist, as míoca nó as ábhair chomhchosúla | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 69 | Táirgí ceirmeacha | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| ex Caibidil 70 | Gloine agus earraí gloine | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| 7010 | Carbáigh, buidéil, fleascáin, crúscaí, potaí, fiala, ampaill agus gabhdáin eile, atá déanta as gloine, de chineál a úsáidtear chun earraí a iompar nó a phacáil; crúscaí caomhnúcháin déanta as gloine; stopalláin, claibíní agus iatáin eile, déanta as gloine | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Gearradh earraí gloine, ar choinníoll nach mó luach iomlán na n-earraí gloine neamhghearrtha a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 7013 | Earraí gloine den chineál a úsáidtear ag an mbord, sa chistin, sa leithreas, san oifig, i gcomhair maisiúchán inmheánach nó chun críoch comhchosúil (seachas earraí atá faoi cheannteideal 7010 nó 7018) | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| ex Caibidil 71 | Péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó leathlómhara, miotail lómhara, miotail cumhdaithe le miotal lómhar, agus earraí díobh; seodra bréige; boinn; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| ex 7102,<br>ex 7103 agus<br>ex 7104 | Clocha lómhara nó leathlómhara saoirsithe (nádúrtha, sintéiseach nó athdhéanta) | Monarú ábhar atá faoi aon fho-cheannteideal nach é fo-cheannteideal an táirge é |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 7106, 7108 agus 7110 | Miotail lómhara:<br>- Neamhshaoirsithe | Monarú ábhar atá faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi cheannteidil 7106, 7108 agus 7110, nó<br>miotail lómhara atá faoi cheannteidil 7106, 7108 nó 7110 a dheighilt go leictrealaíoch, go teirmeach nó go ceimiceach, nó<br>miotail lómhara atá faoi cheannteidil 7106, 7108 nó 7110 a chomhleá agus/nó a chóimhiotalú le chéile nó le táirmhiotail nó le híonú |
| | - Leathmhonaraithe nó i bhfoirm púdair | Monarú as miotail lómhara neamhshaoirsithe |
| ex 7107, ex 7109 agus ex 7111 | Miotail cumhdaithe le miotail lómhara, leathmhonaraithe | Monarú as miotail cumhdaithe le miotail lómhara, neamhshaoirsithe |
| ex Caibidil 72 | Iarann agus cruach; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 7207 | Táirgí leathchríochnaithe d'iarann agus de chruach neamh-chóimhiotail | Monarú as ábhair atá faoi cheannteidil 7201, 7202, 7203, 7204 nó 7205 |
| 7208 go 7212 | Táirgí cothromrollta d'iarann agus de chruach neamh-chóimhiotail | Monarú as ábhair leathchríochnaithe faoi cheannteideal 7207 |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 7213 go 7216 | Barraí agus barraí cónaisc agus slata, uillinneacha, cruthanna agus cónaisc atá déanta as iarann nó as cruach neamh-chóimhiotail | Monarú as uingí nó as foirmeacha príomhúla eile atá faoi cheannteideal 7206 |
| 7217 | sreang iarainn nó sreang den chruach neamh-chóimhiotail | Monarú as ábhair leathchríochnaithe faoi cheannteideal 7207 |
| 7218 91 agus 7218 99 | Táirgí leathchríochnaithe | Monarú as ábhair faoi cheannteidil 7201, 7202, 7203, 7204 nó 7205 |
| 7219 go 7222 | Táirgí cothromrollta, barraí agus slata, uillinneacha, cruthanna agus cónaisc déanta as chruach dhomheirgthe | Monarú as uingí nó as foirmeacha príomhúla eile atá faoi cheannteideal 7218 |
| 7223 | Sreang den chruach dhomheirgthe | Monarú as ábhair leathchríochnaithe faoi cheannteideal 7218 |
| 7224 90 | Táirgí leathchríochnaithe | Monarú as ábhair faoi cheannteidil 7201, 7202, 7203, 7204 nó 7205 |
| 7225 go 7228 | Táirgí cothromrollta, barraí agus slata teo-rollta, i gcornaí atá corntha go mírialta; uillinneacha, cruthanna agus cónaisc, déanta de chruach chóimhiotail eile; barraí agus slata druilire tolla, déanta as iarann nó as cruach neamh-chóimhiotail | Monarú as uingí nó as foirmeacha príomhúla eile atá faoi cheannteidil 7206, 7218 nó 7224 |
| 7229 | Sreang agus é déanta as cruach cóimhiotail de chineál eile | Monarú as ábhair leathchríochnaithe faoi cheannteideal 7224 |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex Caibidil 73 | Earraí déanta as iarann nó as cruach; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| ex 7301 | Bratphíleáil | Monarú as ábhair leathchríochnaithe faoi cheannteideal 7207 |
| 7302 | Ábhar tógála iarainn nó cruach le haghaidh rianta iarnróid nó trambhealaigh, lena n-airítear: ráillí, ráillí cosanta agus ráillí mantacha, lanna aistrithe treo, froganna trasnála, slata pointe agus píosaí eile i gcomhair na trasnála, trasnáin (trascheangail), lioscáin, teangacha ladhróige, dingeacha teanga ladhróige, bonnphlátaí (bunphlátaí), fáiscíní ráille, plátaí leaba, ceangail agus ábhar speisialaithe eile chun ráillí a cheangal nó a dheisiú | Monarú as ábhair leathchríochnaithe faoi cheannteideal 7206 |
| 7304, 7305 agus 7306 | Feadáin, píobáin agus próifílí tolla atá déanta as iarann nó as cruach | Monarú as ábhair atá faoi cheannteidil 7206 go 7212 agus 7218 nó 7224 |
| ex 7307 | Feistis feadáin nó píobáin atá déanta as cruach dhomheirgthe (ISO Uimh. X5CrNiMo 1712), a bhfuil codanna éagsúla iontu | Deileadóireacht, druileáil, réamadh, snáithiú, díbhurrú agus greanroiseadh crotán gaibhnithe, ar choinníoll nach mó luach iomlán na gcrotán gaibhnithe a úsáidtear lena linn ná 35 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 7308 | Struchtúir (gan foirgnimh réamhdhéanta atá faoi cheannteideal 9406 a áireamh) agus codanna d'fhoirgnimh (mar shampla, droichid agus codanna droichid, geataí loic, túir, crainn laitíse, díonta, creatlacha dín, doirse agus fuinneoga agus a bhfrámaí mar aon le tairseacha doirse, comhlaí, balastráidí, piléir, colúin), déanta as iarann nó as cruach; plátaí, slata, uillinneacha, cruthanna, cónaisc, feadáin agus a leithéidí arna n-ullmhú lena n-úsáid i bhfoirgnimh iarainn nó chruach | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Ní fhéadfar uillinneacha, cruthanna agus cónaisc agus táthú déanta orthu atá faoi cheannteideal 7301 a úsáid, áfach |
| ex 7315 | Slabhra le sciorradh a chosc | Monarú nach mó luach na n-ábhar uile faoi cheannteideal 7315 a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| ex Caibidil 74 | Copar agus earraí déanta as copar; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| 7403 | Copar mínghlanta agus cóimhiotail chopair, é neamhshaoirsithe | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 7408 | Sreang chopair | Monarú:<br>– as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, agus<br>– Nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| Caibidil 75 | Nicil agus earraí déanta de nicil | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| ex Caibidil 76 | Alúmanam agus earraí déanta as alúmanam; seachas: | Monarú:<br>– as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, agus<br>– nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 7601 | Alúmanam neamhshaoirsithe | Monarú:<br>– as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, agus<br>– Nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha<br>nó<br>Monarú as alúmanam nach bhfuil cóimhiotalaithe nó fuíoll agus dramhaíl alúmanaim a chuirtear faoi chóireáil theirmeach nó leictrealaíoch |
| 7602 | Dramhaíl nó fuíoll alúmanaim | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| ex 7616 | Earraí alúmanaim seachas uige, éadach, greille, líontán, fálta, fabraic threisithe agus ábhair chomhchosúla (lena n-áirítear bandaí éigríochta) atá déanta as sreang alúmanaim agus miotal leata alúmanaim | Monarú:<br>– As ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Féadfar uige, éadach, greille, líontán, fálta, fabraic threisithe agus ábhair chomhchosúla (bandaí éigríochta san áireamh) déanta de shreang alúmanaim nó miotal leata alúmanaim a úsáid, áfach; agus<br>– nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| Caibidil 78 | Luaidhe agus earraí déanta as luaidhe | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| Caibidil 79 | Sinc agus earraí déanta as sinc | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |
| Caibidil 80 | Stán agus earraí eile déanta as stán | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 81 | Táirmhiotal eile; ceirméid; earraí díobh | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal |
| ex Caibidil 82 | Uirlisí, giúirléidí, sceanra, spúnóga agus foirc, iad déanta as táirmhiotal; codanna díobh, déanta as táirmhiotal; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| 8206 | Uirlisí atá faoi phéire nó níos mó ná péire de na ceannteidil 8202 go 8205, atá cóirithe ina dtacair lena miondíol | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi cheannteidil 8202 go 8205. Is féidir uirlisí atá faoi cheannteidil 8202 go 8205 a ionchorprú san fhoireann, áfach, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Caibidil 83 | Earraí ilghnéitheacha de tháirmhiotal | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| ex Caibidil 84 | Imoibreoirí núicléacha, coirí, innealra agus fearais mheicniúla; páirteanna díobh; seachas: | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| 8407 | Innill loiní dócháin inmheánaigh, frithingeacha spréachadhainte nó rothlacha | Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| 8408 | Innill loine dócháin inmheánaigh d’adhaint chomhbhrú (innill díosail nó leathdhíosail | Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 8425 go 8430 | Tácla agus croch ulóige seachas crocha scipe; crainn tochrais agus tochaird; seacanna:<br>Deiricí long; craenacha, lena n-áirítear craenacha cábla; frámaí tógála inaistrithe, iompróirí scaradh gabhail agus trucailí oibreacha atá feistithe le craein<br>Trucailí ladhar-ardaitheora; trucailí oibreacha eile feistithe le trealamh ardúcháin nó láimhseála<br>Innealra eile tógála, láimhseála, luchtaithe nó díluchtaithe (mar shampla, ardaitheoirí, staighrí creasa, iompróirí, telefeiricí)<br>Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair, iad féin ghluaiste<br>Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; céachtaí sneachta agus séidirí sneachta | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus ceannteideal 8431<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 8444 go 8447 | Meaisíní i gcomhair ábhair theicstíle de dhéantús an duine a easbhrú, a tharraingt, a uigeachtú nó a ghearradh:<br>Meaisíní chun snáithíní teicstíle a ullmhú; meaisíní sníomhacháin, dúblála nó casta agus innealra eile le haghaidh snáth teicstíle a tháirgeadh; meaisíní tochraiste nó casta teicstíle (lena n-áirítear casadh an innigh) agus meaisíní le haghaidh snáthanna teicstíle a ullmhú le húsáid ar na meaisíní faoi cheannteideal 8446 nó 8447<br>Meaisíní fíodóireachta (seolta):<br>Meaisíní cniotála, meaisíní nasctha lúb agus meaisíní le haghaidh snáth galúnaithe, tulle, lása, bróidnéireachta, ciumhsóga, bréid nó eangaí agus meaisíní le haghaidh caitínithe | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus ceannteideal 8448<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
| 8456 go 8465 | Meaisín-uirlisí le haghaidh ábhar a shaoirsiú trí ábhar a bhaint<br>Ionaid mheaisínithe, meaisíní tógála seasta (stáisiún singil) agus meaisíní aistrithe ilstáisiúin, chun miotal a oibriú<br>Deileanna chun miotal a bhaint<br>Meaisín-uirlisí | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus ceannteideal 8466<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |

| Ceannteideal<br><br>(1) | Tuairisc ar an táirge<br><br>(2) | Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh<br><br>(3) |
|---|---|---|
| 8470 go 8472 | Áireamháin agus meaisíní taifeadta sonraí, atáirgthe agus taispeána de mhéid póca a bhfuil feidhmeanna ríofa acu; meaisíní cuntasaíochta, meaisíní francála poist, meaisíní eisithe ticéad agus meaisíní comhchosúla a chuimsíonn gaireas ríofa; scipéid airgid<br>Meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha maille leis na haonaid a ghabhann leo; léitheoirí maighnéadacha nó optúla, meaisíní le haghaidh sonraí a thras-scríobh ar mheáin sonraí i bhfoirm chódaithe agus meaisíní le haghaidh sonraí den sórt sin a phróiseáil<br>Meaisíní oifige eile | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é agus ceannteideal 8473<br>nó<br>Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha |
